An Roinn Oideachais
Department of Education

# Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna agus do Scoileanna Speisialta

An Roinn Oideachais
Uasdátaithe i mí Eanáir, 2024



# Clár


1. Cad é Ag *Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna agus do Scoileanna Speisialta?* 4

2. Cad iad na príomhphrionsabail atá mar bhonn eolais don chreat cáilíochta? 7

3. Cad é struchtúr an chreata cháilíochta seo? 11

4. Conas is féidir na ráitis a úsáid sa phróiseas meastóireachta? 18

5. Cad iad na bealaí eile ar féidir an creat cáilíochta a úsáid? 21

Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta - Forbhreathnú 25

Ráitis ar chleachtas – Foghlaim agus teagasc 27

Réimse 1: Torthaí na bhfoghlaimeoirí 27

Réimse 2: Eispéiris na bhfoghlaimeoirí 28

Réimse 3: Cleachtas aonair na múinteoirí 30

Réimse 4: Cleachtas comhchoiteann/comhoibríoch na múinteoirí 32

Ráitis ar chleachtas – Ceannaireacht agus bainistíocht 34

Réimse 1: Ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc 34

Réimse 2: An eagraíocht a bhainistiú 36

Réimse 3: Ceannaireacht ar fhorbairt na scoile 39

Réimse 4: Acmhainn na ceannaireachta a fhorbairt 41

Aguisín A: Creat chun tacú le scoileanna machnamh a dhéanamh ar bheartas agu ar chleachtas de réir na *nGnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile (2013)* 43

# 1

## Cad é *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna agus do Scoileanna Speisialta?*





## Réamhrá

Is creat é *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna agus do Scoileanna Speisialta*[1] a thugann comhthuiscint ar na cleachtais foghlama, teagaisc, cheannaireachta agus bhainistíochta atá éifeachtach agus fíor-éifeachtach i gcóras scolaíochta na hÉireann. Leanann sé ar aghaidh ó fhoilseachán na bliana 2016 den ainm céanna agus soláthraíonn sé sraith aontaithe agus comhleanúnach caighdeán do dhá ghné d'obair na scoileanna:

- Foghlaim agus teagasc
- Ceannaireacht agus bainistíocht

Tá sé deartha do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile le húsáid chun na cineálacha cur chuige foghlama agus teagaisc is éifeachtaí agus is mealltaí a chur i bhfeidhm agus chun cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta ina scoileanna a fheabhsú. Tá sé i gceist go n-úsáidfidh scoileanna é chun tacú lena rannpháirtíocht sa phróiseas féinmheastóireachta scoile (FMS) sé chéim.

Úsáidfear an creat cáilíochta chun obair na gcigirí a threorú agus iad ag déanamh monatóireacht agus ag tuairisciú ar cháilíocht sna scoileanna. Bainfidh cineálacha éagsúla cigireachta leas as na gnéithe den chreat is ábhartha d'fhócas na cigireachta. Ar an mbealach seo, cé go n-úsáidfear an creat go solúbtha, áiritheoidh sé comhsheasmhacht i meastóireachtaí na Cigireachta.

[1] I scoileanna speisialta, d'fhéadfadh sé a bheith oiriúnach freisin tagairt a dhéanamh do chaighdeáin agus ráitis chleachtais éifeachtacha agus an-éifeachtach in Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna, go háirithe maidir lena n-athbhreithniú ar sholáthar curaclaim do scoláirí d'aois iar-bhunscoile atá i scoileanna speisialta.



Cuireann an creat bonn freisin le Ciorclán 0044/2019. Leagtar amach sa chiorclán seo maidir le ceannaireacht agus bainistíocht i mbunscoileanna, a tháinig in ionad *Ciorclán 0070/2018* roimhe seo, an tsamhail cheannaireachta do bhunscoileanna. Leagann sé béim, de réir phrionsabail na ceannaireachta dáilte, gur cheart do chórais cheannasaíochta agus bhainistíochta scoile tógáil ar na struchtúir cheannaireachta agus bhainistíochta scoile atá ann cheana i scoileanna agus iad a chomhdhlúthú ag teacht leis an gcleachtas is fearr mar a shonraítear i gcreat *Ag Breathnú ar an Scoil Againne*.

Úsáidtear an creat freisin chun cleachtas machnamhach a éascú agus chun treoir a thabhairt do dhearadh na foghlama gairmiúla leanúnaí do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile.

Cé go bhfanann struchtúr agus ábhar *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022* mórán mar a chéile agus a bhí i bhfoilseachán 2016, tá an creat nuashonraithe chun léiriú a thabhairt ar athchóiriú oideachais, smaointeoireacht agus forbairtí le déanaí i réimsí amhail caomhnú leanaí,[2] frithbhulaíocht,[3] ionchuimsiú, rannpháirtíocht na ndaltaí,[4] rannpháirtíocht na dtuismitheoirí,[5] cruthaitheacht, oideachas don fhorbairt inbhuanaithe, tacú le haistrithe daltaí, agus Cosán, an creat náisiúnta d'fhoghlaim múinteoirí. Tá tagairtí treisithe ann freisin do ghnéithe foghlama agus teagaisc a d'éirigh níos suntasaí de réir mar a d'fhreagair scoileanna do riachtanais a gcuid daltaí i gcomhthéacs COVID-19. Áirítear leis na gnéithe seo inniúlacht dhigiteach, cuir chuige maidir le cianfhoghlaim agus cianteagasc, ról an mheasúnaithe agus aiseolais chun tacú le dul chun cinn san fhoghlaim, agus forbairt scileanna foghlama neamhspleácha na ndaltaí.

---

2 Tá creat chun tacú le scoileanna athbhreithniú a dhéanamh ar a gcleachtas maidir leis na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* leagtha amach in Aguisín a hAon leis an *Treoir do Chigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí* anseo.

3 Féach Aguisín A le haghaidh creata chun tacú le scoileanna machnamh a dhéanamh ar a mbeartas agus a gcleachtas de réir na n*Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile (2013)*.

4 I gcomhréir le samhail Lundy um rannpháirtíocht leanaí, cuimsíonn rannpháirtíocht daltaí ceithre ghné:
- Spás: ní mór deiseanna sábháilte ionchuimsitheacha a thabhairt do pháistí a dtuairimí a chumadh agus a chur in iúl
- Guth: ní mór cuidiú le leanaí a dtuairimí a chur in iúl
- Lucht féachana: ní mór éisteacht leis an tuairim
- Tionchar: ní mór gníomhú ar an tuairim mar is cuí.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach lch. 22 den *Straitéis Náisiúnta ar Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga sa Chinnteoireacht 2015 -2020*.

5 Sa doiciméad seo, tuigtear go gcuimsítear tuismitheoirí agus caomhnóirí leis an téarma 'tuismitheoir'.

# 2

# Cad iad na príomhphrionsabail atá mar bhonn eolais don chreat cáilíochta?



Tá deich bpríomhphrionsabal mar bhonn do *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta.*




- **Nádúr iomlánaíoch na foghlama agus an fhoghlaimeora:** Glacann an creat cáilíochta dearcadh iomlánaíoch ar an bhfoghlaim agus ar an bhfoghlaimeoir. Leagann sé béim ar an ngá atá le daltaí eolas agus raon leathan scileanna, inniúlachtaí, meonta agus luachanna a fhorbairt a chumasaíonn folláine phearsanta, saoránacht ghníomhach agus foghlaim ar feadh an tsaoil de réir an churaclaim[6]. Ba chóir go mbeadh eispéiris foghlama do gach dalta leathan, cothrom, dúshlánach agus freagrúil do riachtanais aonair.

- **Ionchuimsiú na ndaltaí uile:** Cuireann an creat cáilíochta béim ar an ngá atá le gach dalta a chuimsiú go bríoch ina bpobal scoile. Aithníonn sé an tábhacht a bhaineann le foghlaim agus teagasc ardchaighdeáin atá ionchuimsitheach, daltaláraithe, eolasach agus fianaise-bhunaithe, agus a thacaíonn le leanaí agus daoine óga a bheith rannpháirteach i ngach réimse dá gcuid foghlama agus forbartha agus dul chun cinn a dhéanamh ina leith. Aithníonn sé freisin an gá atá le hionchais arda lena chinntiú go gcuirtear deiseanna ar fáil do gach leanbh agus duine óg chun a lánacmhainneacht a bhaint amach de réir a gcumas, a láidreachtaí, a gcéimeanna forbartha agus a riachtanais foghlama aitheanta.

[6] Leanann daltaí i mbunscoileanna *Curaclam na Bunscoile*. Leanann daltaí/scoláirí i scoileanna speisialta curaclam scoile atá oiriúnach agus idirdhealaithe. Féadfaidh múinteoirí sna scoileanna seo leas a bhaint as raon curaclam ó fhoinsí éagsúla, ag brath ar riachtanais foghlama na ndaltaí/na scoláirí.

- **Lárnacht fholláine na ndaltaí:** Tuigtear sa chreat cáilíochta go bhfuil folláine na ndaltaí bunúsach don dearcadh iomlánaíoch seo ar an bhfoghlaim, mar chumasóir foghlama agus mar thoradh foghlama. Aithnítear ann an ról ríthábhachtach atá ag scoileanna maidir le folláine daltaí a chur chun cinn agus a chothú trína gcleachtais sna príomhréimsí seo a leanas; timpeallacht scoile, curaclam, beartais agus comhpháirtíochtaí. Mar sin, déantar tacaíocht d'fholláine na ndaltaí a chomhtháthú leis an dá dhiminsean den chreat seo, agus déantar tagairt shoiléir di ag príomhphointí. Tuigtear freisin go gcuidíonn folláine na gceannairí scoile agus na múinteoirí le timpeallacht foghlama atá sábháilte agus sláintiúil do dhaltaí, le folláine na ndaltaí a chur chun cinn agus le torthaí dearfacha na ndaltaí.

---

- **Tábhacht an teagaisc ardchaighdeáin:** Aithnítear sa chreat cáilíochta an tábhacht a bhaineann le teagasc ardchaighdeáin agus feictear gurb é an sármhaitheas sa teagasc an tionchar is cumhachtaí ar ghnóthachtáil na ndaltaí. Aithnítear ann na scileanna oideolaíocha a theastaíonn chun eispéiris agus torthaí ardchaighdeáin foghlaimeora a chumasú. Aithnítear ann freisin an ghníomhaireacht atá ag múinteoirí maidir le cinntí gairmiúla eolasacha agus machnamhacha a dhéanamh i dtaca le foghlaim agus teagasc de réir an churaclaim agus mar fhreagra ar chumais agus riachtanais gach linbh agus duine óig i suíomhanna agus i gcomhthéacsanna éagsúla. Féachtar sa chreat ar fhoghlaim ghairmiúil ar feadh gairme mar chuid lárnach d'obair an mhúinteora áit a bhfuil machnamh agus comhoibriú ina chroílár. Dearbhaítear sa chreat gur chóir go mbeadh feabhas ar cháilíocht fhoghlaim na ndaltaí mar phríomhspreagadh d'fhoghlaim an mhúinteora. Mar an gcéanna, tá foghlaim na ndaltaí lárnach i *Cosán* an creat náisiúnta d'fhoghlaim na múinteoirí.

---

- **Scoileanna mar eagraíochtaí foghlama:** Féachtar ar scoileanna mar eagraíochtaí foghlama dinimiciúla sa chreat cáilíochta, ina gcuirtear ar chumas múinteoirí oibriú agus foghlaim ina n-aonar agus i dteannta a chéile lena gcumas gairmiúil a fhorbairt chun tacú le feabhsú leanúnach ar fhoghlaim agus ar theagasc.

---

- **Freagracht na scoileanna as cáilíocht an oideachais a chuireann siad ar fáil:** Dearbhaítear sa chreat cáilíochta gur chóir do scoileanna freagracht a ghlacadh as cáilíocht an oideachais a chuireann siad ar fáil d'fhoghlaimeoirí agus ba chóir go mbeidís dírithe go sonrach ar an bhfoghlaimeoir.

---

- **Daltaí mar ghníomhairí gníomhacha ina gcuid foghlama:** Féachtar sa chreat cáilíochta ar dhaltaí mar ghníomhairí gníomhacha ina gcuid foghlama a théann i ngleic ar bhealach a bhfuil cuspóir leis le raon leathan gníomhaíochtaí foghlama, a fhreagraíonn ar bhealaí éagsúla do dheiseanna foghlama éagsúla agus a dtugtar an deis dóibh a bheith rannpháirteach i bplé bríoch le múinteoirí chun bonn a chur faoin bhfoghlaim agus teagasc.

- **Cion na meastóireachta seachtraí agus inmheánaí i bhfeabhsúchán scoile:** Féachtar sa chreat cáilíochta ar mheastóireacht sheachtrach agus inmheánach mar ghnéithe comhlántacha i dtaca le feabhsú scoile agus le tógáil acmhainne. Deirtear ann gurb é an gníomhaí feabhsúcháin is cumhachtaí ná córas dea-chomhtháite meastóireachta a chomhcheanglaíonn an dearcadh seachtrach le léargas machnamhach agus comhchoiteann ceannairí scoile, múinteoirí, tuismitheoirí agus daltaí.

---

- **Tábhacht na ceannaireachta agus na bainistíochta:** Feictear sa chreat cáilíochta go bhfuil ceannaireacht agus bainistíocht doscartha. Is bunphrionsabal den chreat é go gcaithfear scoileanna a bhainistiú go héifeachtach chun iad a threorú go héifeachtach. Mar sin, breathnaítear i gcónaí ar thacair scileanna ceannaireachta agus bainistíochta araon a fhreastalaíonn ar chroí-obair na scoile: foghlaim agus teagasc. Déantar sainmhíniú ar cheannaireacht scoile sa chreat de réir a tionchair ar an bhfoghlaim. Aithnítear go bhfuil ceannaireacht éifeachtach riachtanach le go mbeidh scoileanna ina n-áiteanna ina dtarlaíonn foghlaim rathúil.

---

- **Ról ceannaireachta do chách:** Tagraíonn an téarma 'ceannairí scoile' mar a úsáidtear sa chreat go hiondúil do na róil fhoirmiúla cheannaireachta atá ag pátrúin/iontaobhaithe scoile, boird bhainistíochta, príomhoidí agus príomhoidí tánaisteacha. Áirítear leis freisin múinteoirí le poist fhreagrachta agus iad siúd a ghlac róil a bhaineann le tosaíochtaí na scoile. Aithnítear sa chreat freisin go bhfuil ról ceannaireachta ag gach múinteoir laistigh den scoil agus féachtar leis an gcreat tacú le múinteoirí a dtréithe agus a gcáilíochtaí ceannaireachta a aithint. Tá sé i gceist mar sin go gcabhródh diminsean na ceannaireachta agus na bainistíochta le gach múinteoir peirspictíocht a fháil ar a róil cheannaireachta féin sa scoil agus ar conas is féidir leo a scileanna ceannaireachta a fhorbairt agus a leathnú thar am.




# 3

# Cad é struchtúr an chreata cháilíochta seo?



Cuimsítear sa chreat cáilíochta diminsin, réimsí, caighdeáin agus ráitis ar chleachtas. Scrúdaítear sa chéad roinn eile brí na bhfocal seo mar a úsáidtear iad i gcomhthéacs an chreata.

## Forbhreathnú




## Diminsin

Tá dhá **dhiminsean** ag an gcreat cáilíochta:

- Foghlaim agus teagasc
- Ceannaireacht agus bainistíocht

Is iad na diminsin seo na réimsí is tábhachtaí d'obair scoile. Déantar gach diminsean a struchtúrú ag baint úsáid as ceithre **réimse**.


## Réimsí

Cuirtear ceithre réimse i láthair sa chreat laistigh den diminsean **Foghlaim agus teagasc**:

- Torthaí na bhfoghlaimeoirí
- Eispéiris na bhfoghlaimeoirí
- Cleachtas aonair na múinteoirí
- Cleachtas comhchoiteann/comhoibríoch na múinteoirí

Baineann **torthaí na bhfoghlaimeoirí** leis an méid atá ar eolas ag foghlaimeoirí nó atá ar a gcumas acu a dhéanamh, agus dearcadh na bhfoghlaimeoirí i leith na foghlama. Baineann **eispéiris na bhfoghlaimeoirí** leis an gcineál eispéiris a bhíonn ag foghlaimeoirí agus iad ag foghlaim. Baineann **cleachtas aonair na múinteoirí** le múinteoirí agus leis an gcaoi a mbíonn siad ag múineadh. Úsáidtear an téarma 'cleachtas aonair' toisc go ndíríonn sé ar chleachtais aonair an mhúinteora i réimsí ar nós a n-ullmhúcháin[7], a modhanna oibre agus an chaoi a bhfreagraíonn siad do riachtanais na ndaltaí. Baineann **cleachtas comhchoiteann/ comhoibríoch na múinteoirí** leis na bealaí ina n-oibríonn múinteoirí le chéile chun an soláthar do dhaltaí a fheabhsú. Tagraíonn sé don chaoi a bhfoghlaimíonn múinteoirí ó shaineolas a chéile agus an chaoi a n-idirghníomhaíonn siad lena chéile chun machnamh a dhéanamh ar a gcleachtas féin. Tagraíonn sé freisin do na córais atá i bhfeidhm le cur ar a gcumas foghlaim na ndaltaí a phlé, agus eolas, smaointe agus acmhainní a roinnt.

Tá na ceithre réimse seo go léir idirnasctha agus tá gá le gach ceann de na ceithre cinn chun foghlaim agus teagasc ardchaighdeáin a chinntiú.





Mar an gcéanna, tá ceithre réimse sa diminsean eile, Ceannaireacht agus Bainistíocht, atá idirnasctha freisin:

- Ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc
- An eagraíocht a bhainistiú
- Ceannaireacht ar fhorbairt na scoile
- Acmhainn na ceannaireachta a fhorbairt

[7] Agus athbhreithniú á dhéanamh ar ullmhúchán aonair agus comhoibríoch na múinteoirí d'fhoghlaim agus teagasc, ba cheart machnamh a dhéanamh ar fhoilseachán de chuid na Roinne Oideachais Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim - Treoir do Gach Bunscoil agus Scoil Speisialta.

Baineann **ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc** leis an gcaoi a ndéanann an príomhoide agus ceannairí eile pleanáil don fhoghlaim agus don teagasc do gach dalta sa scoil agus athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí a dhéantar é seo. Baineann **an eagraíocht a bhainistiú** leis na saincheisteanna praiticiúla a bhaineann le scoil a rith, mar shampla timpeallacht foghlama atá sábháilte agus sláintiúil a bhunú. Baineann **ceannaireacht ar fhorbairt na scoile** leis an ngá a chinntiú go bhfuil an scoil ag forbairt agus ag feabhsú go leanúnach, trí fhéinmheastóireacht, trí fhreagairt d'athruithe agus trí chothú caidrimh le pobal na scoile. Ar deireadh, gné thábhachtach den cheannaireacht agus den bhainistíocht is ea **acmhainn na ceannaireachta a fhorbairt** agus a chinntiú gur féidir le baill uile na scoile a scileanna ceannaireachta a fhorbairt. Déanann ceannairí scoile é seo trí fhreagracht a thabhairt do mhúinteoirí as gnéithe éagsúla de shaol na scoile agus trí fhorbairt rannpháirtíocht na ndaltaí, cheannaireacht na ndaltaí agus rannpháirtíocht na dtuismitheoirí a chur chun cinn agus a éascú.




Nuair a bhíonn an cleachtas mar a bhaineann leis an diminsean **Ceannaireacht agus Bainistíocht** éifeachtach nó thar a bheith éifeachtach, bíonn gach ceann de na ceithre réimse ar leith atá leagtha amach thuas i láthair. Mar shampla, féadfaidh príomhoide eagrú na scoile a bhainistiú go héifeachtach, sa mhéid is go n-oibríonn gach gné de ghnáthaimh na scoile go maith agus go bhfuil córais éifeachtacha i bhfeidhm ag an bpríomhoide chun tacú le hiompar daltaí. I scoil éifeachtach nó fíor-éifeachtach, áfach, breithníonn an príomhoide freisin a thábhachtaí atá sé cumas ceannaireachta múinteoirí eile a fhorbairt. Déantar róil agus freagrachtaí áirithe a leithdháileadh ar an bhfoireann, rud a thugann deiseanna dóibh a gcumas ceannaireachta féin a fhorbairt. Mar an gcéanna, déantar rannpháirtíocht na ndaltaí a chur chun cinn agus a éascú go gníomhach laistigh den scoil.

## Caighdeáin

Is ceannteidil leathana iad na réimsí agus tá ceithre chaighdeán i ngach réimse. Cabhróidh breithniú ar na caighdeáin le scoileanna comhthuiscint a bheith acu ar fhoghlaim agus teagasc éifeachtach, agus machnamh a dhéanamh ar cháilíocht na foghlama agus an teagaisc ina scoil féin. Mar an gcéanna, tacóidh na caighdeáin do na réimsí ceannaireachta agus bainistíochta le scoileanna machnamh a dhéanamh ar cháilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta ina scoil. Déantar cur síos sna caighdeáin ar na hiompraíochtaí agus na tréithe a bhaineann leis an réimse ar saintréithe de chuid an dea-chleachtais iad. Mar shampla, tugann caighdeáin i réimse chleachtas aonair na múinteoirí cur síos ar na príomhghnéithe den obair a dhéanann múinteoir ina seomra ranga gach lá:

*Maidir leis an múinteoir:*

- tá an t-eolas curaclaim, an t-eolas oideolaíoch agus na scileanna bainistíochta ranga atá riachtanach acu
- déanann siad cleachtais ullmhúcháin agus mheasúnaithe a roghnú agus a úsáid a chuireann foghlaim na ndaltaí chun cinn
- déanann siad cineálacha cur chuige teagaisc a roghnú agus a úsáid a oireann do na torthaí foghlama agus do riachtanais foghlama na ndaltaí
- freagraíonn siad do riachtanais foghlama aonair agus déanann siad gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc a idirdhealú de réir mar is gá

Tugtar tacaíocht do scoileanna leis na caighdeáin freisin d'fhonn machnamh a dhéanamh ar a soláthar agus a éifeachtaí atá ceannaireacht scoile maidir leis an soláthar sin a éascú. Tugann na caighdeáin laistigh den réimse **Ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc** breac-chuntas ar na príomhghníomhartha ceannaireachta atá riachtanach chun foghlaim agus teagasc éifeachtach a chur chun cinn:

*Maidir le ceannairí scoile:*

- cuireann siad cultúr athmhachnaimh, feabhsúcháin, comhoibrithe, nuálaíochta agus cruthaitheachta chun cinn san fhoghlaim, sa teagasc agus sa mheasúnú
- cothaíonn siad tiomantas d'ionchuimsiú, do chomhionannas deiseanna agus d'fhorbairt iomlánaíoch gach dalta
- bainistíonn siad pleanáil agus cur i bhfeidhm churaclam na scoile
- cothaíonn siad foghlaim ghairmiúil na múinteoirí a shaibhríonn cleachtas na múinteoirí agus foghlaim na ndaltaí

## Ráitis ar chleachtas

Cuirtear na ráitis ar chleachtas i láthair ag dhá leibhéal: '**éifeachtach**' agus '**fíor-éifeachtach**'. Déanann na ráitis ar chleachtas éifeachtach cur síos ar chleachtais atá go maith nó éifeachtach, agus déanann na ráitis ar chleachtas fíor-éifeachtach cur síos ar chleachtais atá an-mhaith nó an-éifeachtach. Léiríonn an tábla thíos na ráitis ar chleachtas éifeachtach agus fíor-éifeachtach a bhaineann le ceann de na caighdeáin ón réimse **Ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc**.

### *Réimse: Ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc*

| Caighdeán | Ráitis ar chleachtas éifeachtach | Ráitis ar chleachtas fíor-éifeachtach |
|---|---|---|
| **Cultúr athmhachnaimh, feabhsúcháin, comhoibrithe, nuálaíochta agus cruthaitheachta a chur chun cinn san fhoghlaim, sa teagasc agus sa mheasúnú** | Cothaíonn an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil cultúr athmhachnaimh, foghlama agus cruthaitheachta. Go ginearálta, bíonn ionchais arda acu do dhaltaí agus don fhoireann cheannais agus iad ag iarraidh torthaí feabhsaithe a bhaint amach. Tacaíonn siad le cleachtas machnamhach agus cuireann siad cultúr feabhsúcháin chun cinn. | Cothaíonn an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil cultúr ina mbíonn **bláth** ar mhachnamh, ar fhoghlaim agus ar chruthaitheacht. **Treoraíonn siad pobal na scoile chun tréaniarracht leanúnach a dhéanamh ar shármhaitheas trí ionchais arda a leagan síos do dhaltaí**. Cuireann siad **cultúr feabhsúcháin leanúnaigh chun cinn trí thacú le comhghleacaithe a bheith ina gcleachtóirí machnamhacha**. |
| | Úsáideann an príomhoide, in éineacht leo siúd atá i gceannas ar an bpróiseas, an FMS chun teagasc atá mealltach agus dúshlánach a spreagadh, chun tacú le hionchuimsiú rannpháirtíocht na ndaltaí agus na dtuismitheoirí i bhforbairt polasaí maidir le foghlaim agus teagasc agus chun suim na ndaltaí san fhoghlaim a mhéadú. | Úsáideann an príomhoide, agus iad siúd atá i gceannas ar an bpróiseas, an FMS **go han-éifeachtach** chun teagasc atá mealltach agus dúshlánach a spreagadh, chun tacú le hionchuimsiú rannpháirtíocht na ndaltaí agus na dtuismitheoirí i bhforbairt polasaí maidir le foghlaim agus teagasc agus chun **gach dalta a chumasú le bheith ina bhfoghlaimeoirí gníomhacha agus spreagtha**. |
| | Spreagann an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil na múinteoirí chun a gcleachtais foghlama, teagaisc agus mheasúnaithe a fhorbairt, agus a gcuid cleachtas a roinnt. | Bíonn an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil **ag súil le** agus ag spreagadh múinteoirí chun a gcleachtais foghlama, teagaisc agus mheasúnaithe a fhorbairt agus **a leathnú**, agus **cleachtais ar éirigh leo foghlaim na ndaltaí a fheabhsú a roinnt agus a phlé**. |
| | Tacaíonn an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil le múinteoirí teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid ina gcuid cleachtais foghlama, teagaisc agus mheasúnaithe, agus meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht úsáid na dteicneolaíochtaí seo. | Treoraíonn an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil **próiseas chun múinteoirí a chumasú** d'fhonn teicneolaíochtaí digiteacha **a leabú** ina gcuid cleachtais foghlama, teagaisc agus mheasúnaithe, agus déanann siad meastóireacht **rialta** ar éifeachtúlacht úsáid na dteicneolaíochtaí seo. |
| | Spreagann an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil nuálaíocht agus cruthaitheacht. Aithníonn siad an luach a bhaineann le rannpháirtíocht agus gnóthachtálacha aonair agus comhchoiteann. | **Cuireann** an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil nuálaíocht agus cruthaitheacht **chun cinn go gníomhach**. **Fáiltíonn siad roimh agus ceiliúrann siad** cion agus éachtaí aonair agus comhchoiteann. |

I bhformhór na gcásanna, forbraíonn agus leathnaíonn na ráitis ar chleachtas fíor-éifeachtach na ráitis ar chleachtas éifeachtach. Is féidir le scoileanna na ráitis seo a úsáid mar threoir agus iad ag iarraidh tógáil ar chleachtais éifeachtacha reatha agus iad a fheabhsú.

I líon beag cásanna, is ionann an ráiteas ar chleachtas fíor-éifeachtach agus an ráiteas ar chleachtas éifeachtach. Is é is cúis leis seo ná, don ghné áirithe seo de sholáthar scoile, nach bhfuil aon difríocht shuntasach idir cleachtas éifeachtach agus fíor-éifeachtach.

Tá na príomhthréithe a dhéanann idirdhealú idir cleachtas fíor-éifeachtach agus cleachtas éifeachtach scríofa i gcló trom sna ráitis ar chleachtas fíor-éifeachtach.

Baineann na réimsí go léir agus beagnach gach caighdeán le gach scoil, agus lena gcomhthéacsanna. Ag leibhéal na ráiteas ar chleachtas, áfach, cinnfidh comhthéacsanna scoile ar leith cé na ráitis ar chleachtas is féidir a úsáid le brí. Mar shampla, i ndiminsean na ceannaireachta agus na bainistíochta, níl sé úsáideach do cheannairí scoile i scoileanna níos lú a gcleachtas a mheas ag úsáid ráitis a thagraíonn d’fhoirne ceannaireachta fairsinge. Mar sin, úsáidfidh scoileanna gach ceann de na réimsí agus caighdeáin chun machnamh a dhéanamh ar phríomhréimsí, ach beidh solúbthacht shuntasach acu maidir le cinneadh a dhéanamh ar na ráitis ar a ndíreofar agus iad i mbun meastóireachta agus ag cur síos ar a gcleachtas. Ba chóir go mbeadh an bhéim i gcónaí ar ábharthacht an ráitis don scoil agus ar a úsáidí atá sé chun feabhsú scoile a thabhairt chun cinn.



# 4

# Conas is féidir na ráitis a úsáid sa phróiseas meastóireachta?



Is creat cuimsitheach é an creat cáilíochta atá le húsáid go roghnach. Tá sé deartha chun an scóip is leithne agus is féidir a chur ar fáil do mhúinteoirí, do cheannairí scoile agus do dhaoine eile chun sármhaitheas a aithint agus a bhaint amach i bhfoghlaim agus teagasc agus ceannaireacht agus bainistíocht. Níor cheart, áfach, gach gné den chreat a áireamh in aon ghníomhaíocht fhéinmhachnamhach ná gníomhaíocht mheastóireachta amháin.

Scríobhtar na caighdeáin ar bhealach a thugann ómós do ghníomhaireacht ghairmiúil agus neamhspleáchas an mhúinteora agus an cheannaire scoile maidir le breithiúnais a dhéanamh ar obair na scoile. Ba cheart do phríomhoidí scoile, go háirithe, féachaint ar an gcreat mar chumasóir féinmhachnaimh agus feabhsaithe agus ní mar sheicliosta dolúbtha. Baineann cuid de na gnéithe is luachmhaire den mheastóireacht agus den chigireacht le gnéithe de shaol na scoile nach bhfuil oiriúnach do chritéir cosúil le seicliosta.

Le chéile, ba cheart go gcuirfeadh na ráitis ar chleachtas éifeachtach agus ar chleachtas fíor-éifeachtach ar chumas na  múinteoirí, na gceannairí scoile, agus daoine eile a bhfuil baint acu le meastóireacht inmheánach nó sheachtrach machnamh a dhéanamh ar an bhfianaise atá ar fáil agus teacht ar bhreithiúnais maidir le cáilíocht gnéithe de sholáthar scoile. Ba cheart go gcuirfeadh na ráitis ar chleachtas ar chumas na múinteoirí agus na gceannairí scoile freisin an chéad chéim eile den aistear feabhsúcháin a phleanáil dá dteagasc féin nó dá gceannaireacht nó do sholáthar a scoile. Agus na ráitis ar chleachtas seo in úsáid chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe den soláthar oideachais, go háirithe iad siúd a bhaineann le torthaí na bhfoghlaimeorí agus eispéiris na bhfoghlaimeorí, ba chóir cumais, céim na forbartha agus láidreachtaí aitheanta agus riachtanais na ndaltaí a chur san áireamh.

Aithnítear sa chreat cáilíochta go bhfuil scoileanna ag céimeanna éagsúla den aistear feabhsúcháin scoile maidir le gnéithe éagsúla dá soláthar. Mar sin, d’fhéadfadh cleachtas fíor-éifeachtach a bheith ag gnáthscoil, mar shampla, i réimse eispéiris na bhfoghlaimeoirí nó caidrimh le tuismitheoirí. D’fhéadfadh gnéithe ar gá iad a fheabhsú a bheith ag an scoil chéanna freisin, mar shampla - torthaí foghlama i réimsí curaclaim agus ábhair áirithe nó cleachtais mheasúnaithe.

Feidhm thábhachtach de na caighdeáin seo is ea cabhrú le scoileanna na réimsí cleachtais atá éifeachtach nó fíor-éifeachtach a aithint, na réimsí ina bhfuil gá le feabhsú a aithint agus a chur in ord tosaíochta, agus cabhrú leo an t-aistear feabhsúcháin a rianú. Mar shampla, d’fhéadfadh go gcinnfeadh scoil díriú ar réimse an idirdhealaithe laistigh de réimse chleachtas aonair na múinteoirí. Is iad seo a leanas na ráitis ábhartha maidir le cleachtas éifeachtach agus cleachtas fíor-éifeachtach:

| Caighdeán | Ráiteas ar chleachtas éifeachtach | Ráiteas ar chleachtas fíor-éifeachtach |
|---|---|---|
| **Roghnaíonn agus úsáideann an múinteoir cuir chuige teagaisc atá oiriúnach do na torthaí foghlama agus do riachtanais foghlama na ndaltaí** | Roghnaíonn agus úsáideann múinteoirí cuir chuige a thagann le torthaí foghlama an cheachta agus a fhreastalaíonn ar riachtanais foghlama, ar spéiseanna agus ar chumais na ndaltaí. | Roghnaíonn agus úsáideann múinteoirí cuir chuige a thagann le torthaí foghlama roghnaithe an cheachta,  a  fhreastalaíonn ar riachtanais foghlama, ar spéiseanna agus ar chumais na ndaltaí, **agus a chuireann deiseanna foghlama breise chun cinn**. |

Nuair a bheidh an próiseas bailithe fianaise críochnaithe, ba chóir don scoil athbhreithniú cúramach a dhéanamh ar an bhfianaise, lena n-áirítear samplaí de chleachtas éifeachtach. Tá sé seo ríthábhachtach chun a chinntiú go n-úsáidtear na ráitis ar chleachtas go héifeachtach. Ba chóir ceisteanna a chur mar, '*Cad a insíonn an fhianaise dúinn faoina bhfuil ag tarlú inár scoil?*' Tacóidh an t-athbhreithniú fianaise seo leis an scoil cinneadh eolasach a dhéanamh chun a mheas an bhfuil siad ag an leibhéal éifeachtach nó fíor-éifeachtach i ngné áirithe den chleachtas. Mar shampla, is féidir leis an scoil an ráiteas um chleachtas éifeachtach thuas a úsáid chun gnéithe dá cleachtas sa réimse difreála a fhreagraíonn dó a aithint. D'fhéadfadh go n-aithneodh an scoil freisin gnéithe áirithe den chleachtas atá ailínithe níos dlúithe leis an gcleachtas fíor-éifeachtach agus, b'fhéidir, gnéithe nach bhfuil an cleachtas chomh héifeachtach céanna iontu. Cabhróidh na ráitis ar chleachtas éifeachtach agus na ráitis ar chleachtas fíor-éifeachtach freisin le sainréimsí ar cheart do mhúinteoirí díriú orthu a aithint chun feabhsuithe a dhéanamh agus a chothú.

Mar an gcéanna, d'fhéadfadh pobal scoile atá ag déanamh athbhreithniú ar a gcleachtais agus ag bailiú fianaise maidir le cáilíocht an chaidrimh idir an bord, an príomhoide agus cumann na dtuismitheoirí, an ráiteas seo a leanas ar chleachtas éifeachtach agus an ráiteas ar chleachtas fíor-éifeachtach a úsáid chun iad a threorú agus iad ag déanamh breithiúnais faoin réimse soláthair seo ina scoil:

| Caighdeán | Ráiteas ar chleachtas éifeachtach | Ráiteas ar chleachtas fíor-éifeachtach |
|---|---|---|
| **Déanann siad caidrimh a thógáil agus a choinneáil le tuismitheoirí, le scoileanna eile, agus leis an bpobal níos leithne** | Éascaíonn agus tacaíonn an bord bainistíochta agus an príomhoide le cumann na dtuismitheoirí a ról comhpháirtíochta agus comhairleach a chomhlíonadh. | Éascaíonn agus tacaíonn an bord bainistíochta agus an príomhoide le cumann na dtuismitheoirí a ról comhpháirtíochta agus comhairleach a chomhlíonadh, **agus feidhmiú mar fhóram ionchuimsitheach a thacaíonn le rannpháirtíocht na dtuismitheoirí uile**. |


Cabhróidh an ráiteas ar chleachtas éifeachtach thuas leis an scoil breithiúnas a dhéanamh faoi cé acu an bhfuil nó nach bhfuil caidreamh éifeachtach ag an mbord agus ag an bpríomhoide le cumann na dtuismitheoirí. Má chinneann sé, tar éis anailís a dhéanamh ar an bhfianaise a bailíodh, nach bhfuil a cleachtas sa réimse seo éifeachtach agus go dtugann sé tosaíocht dó mar réimse le feabhsú, ansin cuideoidh an bhéim ar éascú agus tacaíocht an bhoird agus an phríomhoide agus ar an gcomhpháirtíocht agus ar ról comhairleach chumann na dtuismitheoirí leis an scoil réimsí a aithint ar chóir dóibh díriú orthu chun feabhsúcháin a dhéanamh. Maidir le scoileanna a mheasann go bhfuil a gcleachtas sa réimse seo éifeachtach, cabhróidh an ráiteas um chleachtas fíor-éifeachtach, ina bhfuil béim ar fhóram cuimsitheach do gach tuismitheoir, leo tuilleadh feabhsuithe a chur i gcrích agus a chothú.

# 5

# Cad iad na bealaí eile ar féidir an creat cáilíochta a úsáid?



Léirítear roinnt de phríomhúsáidí an chreata thíos:




**Machnamh:** Déanann múinteoirí agus ceannairí éifeachtacha machnamh ar chleachtas agus ar a gcuid foghlama, ina n-aonar nó i dteannta a chéile, agus feabhsaítear iad dá bharr. Is féidir an creat a úsáid:

- mar uirlis le haghaidh féinmhachnamh múinteoirí agus ceannairí agus mar thacaíocht i bhforbairt a gcumas teagaisc agus ceannaireachta féin
- d'fhonn struchtúr a sholáthar le haghaidh piarmhachnaimh laistigh de scoileanna, i measc múinteoirí agus ceannairí i scoileanna éagsúla agus i bpobail cleachtais ghairmiúil
- mar phointe cainte chun plé agus anailís a thosú ar fhoghlaim agus ar theagasc agus ar cheannaireacht laistigh de phobal na scoile
- mar uirlis phleanála do mhúinteoirí, do cheannairí agus dóibh siúd ar mian leo poist cheannaireachta a fháil dá bhforbairt ghairmiúil féin.

Comhlánaíonn *Cosán*, an creat náisiúnta d'fhoghlaim múinteoirí an creat trí mhodh a chur ar fáil inar féidir le múinteoirí a gcuid foghlama a phleanáil, dul i ngleic léi agus machnamh a dhéanamh ina leith, chun tionchar ar a gcleachtas agus ar a bhfás gairmiúil a chinntiú.

**Earcaíocht**: Tá earcú múinteoirí, príomhoidí agus ceannairí scoile eile ar cheann de na tascanna is tábhachtaí agus is dúshlánaí a bhíonn roimh phátrúin/iontaobhaithe, bhoird bhainistíochta agus phríomhoidí scoile. Leagtar béim i *Ciorclán 0044/2019* gur cheart go dtógfadh aon chóras ceannaireachta agus bainistíochta scoile ar struchtúir cheannaireachta agus bhainistíochta scoile atá ann cheana féin agus go ndéanfaí iad a chomhdhlúthú i gcomhréir leis an gcleachtas is fearr mar atá leagtha amach sa chreat *Ag Breathnú ar an Scoil Againne*. D'fhéadfadh tionchar fadtéarmach a bheith ag cinntí maidir le hearcaíocht ar fhoghlaim agus ar theagasc ina scoileanna. Soláthraítear tacaíocht leis an gcreat san iarracht seo mar seo a leanas:

- trí bhéim a chur ar na tacair scileanna agus ar na gnéithe de chleachtas éifeachtach atá lárnach d'fhoghlaim agus teagasc éifeachtach agus ceannaireacht éifeachtach
- trí shoiléireacht agus chomhsheasmhacht a éascú i mbreithniú ar bith ar iarrthóirí thar earnálacha, chomhlachtaí pátrúnachta/iontaobhais agus bhoird bhainistíochta
- trí thuiscint shoiléir a chinntiú ar fhreagrachtaí múinteoirí agus ceannairí scoile i measc iarrthóirí teagaisc agus ceannaireachta ionchasacha, agus iad siúd a earcaíonn iarrthóirí

---

**Trédhearcacht, cuntasacht agus feabhsú:** Ar fud an chórais, tá gá le comhthuiscint ar an gcuma atá ar fhoghlaim, ar theagasc agus ar cheannaireacht atá éifeachtach agus fíor-éifeachtach i gcleachtas. Soláthraítear leis an gcreat seo:

- soiléire maidir le tréithe atá ag foghlaim agus teagasc éifeachtach agus ceannaireacht agus bainistíocht éifeachtach
- comhsheasmhacht maidir le láidreachtaí a mheas agus bealach chun réimsí forbartha agus feabhsúcháin a aithint
- treoir chun tacú le múinteoirí agus le ceannairí a bheith freagrach go gairmiúil, freagrúil agus cuntasach dá bpobail



**Foghlaim ghairmiúil ar fud an chórais:** Tá sé tábhachtach go mbeadh teacht ag múinteoirí agus ceannairí ar dheiseanna foghlama saibhre agus ilchineálacha. Mar atá leagtha amach in *Cosán*, tá diminsin éagsúla ag baint le foghlaim na múinteoirí lena n-áirítear deiseanna foghlama foirmiúla agus neamhfhoirmiúla. Tá sé tábhachtach go mbeadh comhthuiscint ag an raon leathan comhlachtaí a sholáthraíonn tacaíocht d'fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí ar fud an chórais ar fhoghlaim agus teagasc ardchaighdeáin agus ar cheannaireacht agus bainistíocht. Leis an gcreat, tacófar leis na comhlachtaí seo chun:

- deiseanna foghlama gairmiúla a fhorbairt, lena n-áirítear cláir agus cúrsaí a bhfuil dearcadh comhsheasmhach acu ar shaintréithe na foghlama agus an teagaisc agus na ceannaireachta agus na bainistíochta ardchaighdeáin
- láidreachtaí na ndeiseanna foghlama gairmiúla reatha a mheas, lena n-áirítear cláir agus cúrsaí, agus réimsí le haghaidh tuilleadh forbartha a fhiosrú
- riachtanais na múinteoirí agus na gceannairí scoile reatha agus na gceannairí scoile ionchasacha a mheas i gcomhthéacs na ndúshlán reatha.

---

**Múinteoirí agus ceannairí scoile a fhorbairt agus a chothú:** Is chun leas scoileanna aonair, agus an chórais oideachais i gcoitinne, go ndéanfaí múinteoirí agus ceannairí scoile a fhorbairt agus a chothú. Soláthraítear leis an gcreat, in éineacht le *Cosán*, struchtúr trínar féidir:

- eochairchéimeanna i bhforbairt múinteoirí agus ceannairí a mhapáil ag leibhéal na scoile agus an chórais
- le scoileanna agus leis an gcóras a bheith ábalta na tacaíochtaí agus na heispéiris chuí a theastaíonn chun tacair scileanna múinteoirí, ceannairí agus ceannairí ionchasacha a chur chun cinn a mheas
- le múinteoirí agus le ceannairí a bhfuil taithí acu comhairle agus treoir a sholáthar do mhúinteoirí agus do cheannairí nua agus atá ag teacht chun cinn laistigh de scoileanna agus sa chóras oideachais i gcoitinne
- comhar gairmiúil a bheith ann idir ceannairí agus múinteoirí i scoileanna agus ar fud an chórais oideachais.



## Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta - Forbhreathnú

| | Réimsí | Caighdeáin |
|---|---|---|
| **Foghlaim agus Teagasc** | **Torthaí na bhfoghlaimeoirí** | Maidir leis na daltaí:<br>baineann siad taitneamh as a gcuid foghlama, tá siad spreagtha chun foghlama, agus tá siad ag súil le gnóthachtáil mar fhoghlaimeoirí<br>tá an t-eolas, na scileanna agus na dearcthaí riachtanacha acu chun iad féin agus a gcaidrimh a thuiscint<br>léiríonn siad an t-eolas, na scileanna agus an tuiscint a theastaíonn ón gcuraclam[8]<br>baineann siad amach na torthaí foghlama atá luaite don téarma agus don bhliain |
| | **Eispéiris na bhfoghlaimeoirí** | Maidir leis na daltaí:<br>glacann siad páirt i ngníomhaíochtaí foghlama bríocha ar bhealach a bhfuil cuspóir leis<br>fásann siad mar fhoghlaimeoirí trí idirghníomhaíochtaí ómósacha agus eispéiris atá dúshlánach agus tacúil<br>déanann siad athmhachnamh ar a ndul chun cinn mar fhoghlaimeoirí agus forbraíonn siad mothú úinéireachta agus freagrachta as a bhfoghlaim<br>faigheann siad deiseanna chun na scileanna agus na dearcthaí a fhorbairt atá riachtanach don fhoghlaim ar feadh an tsaoil |
| | **Cleachtas aonair na múinteoirí** | Maidir leis an múinteoir:<br>tá an t-eolas curaclaim, an t-eolas oideolaíoch agus na scileanna bainistíochta ranga riachtanacha acu<br>roghnaíonn agus úsáideann siad cleachtais ullmhúcháin agus mheasúnaithe a chuireann foghlaim na ndaltaí chun cinn<br>roghnaíonn agus úsáideann siad cuir chuige teagaisc atá oiriúnach do na torthaí foghlama atá beartaithe agus do riachtanais foghlama na ndaltaí<br>freagraíonn siad do riachtanais foghlama aonair agus déanann siad idirdhealú idir gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc de réir mar is gá |
| | **Cleachtas comhchoiteann/ comhoibríoch na múinteoirí** | Maidir leis na múinteoirí:<br>tá meas acu ar an bhfoghlaim ghairmiúil agus ar an gcomhoibriú gairmiúil agus glacann siad páirt iontu<br>oibríonn siad le chéile chun deiseanna foghlama a cheapadh do dhaltaí ar fud an churaclaim agus lasmuigh de<br>i gcomhar lena chéile, forbraíonn siad agus cuireann siad i bhfeidhm cleachtais mheasúnaithe fhoirmitheacha agus shuimitheacha atá comhsheasmhach agus iontaofa<br>cuidíonn siad leis an acmhainn uile-foirne a thógáil trína saineolas a roinnt |
| **Ceannaireacht agus Bainistíocht** | **Ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc** | Maidir le ceannairí scoile:<br>cuireann siad cultúr athmhachnaimh, feabhsucháin, comhoibrithe, nuálaíochta agus cruthaitheachta san fhoghlaim, sa teagasc agus sa mheasúnú chun cinn<br>cothaíonn siad tiomantas d'ionchuimsiú, do chomhionannas deiseanna agus d'fhorbairt iomlánaíoch gach dalta<br>bainistíonn siad pleanáil agus cur i bhfeidhm an churaclaim<br>cothaíonn siad foghlaim ghairmiúil na múinteoirí a shaibhríonn foghlaim na múinteoirí agus na ndaltaí |
| | **An eagraíocht a bhainistiú** | Maidir le ceannairí scoile:<br>cruthaíonn siad agus coinníonn siad cultúr dearfach scoile agus timpeallacht foghlama atá sábháilte, sláintiúil agus a bhfuil cuspóir léi, agus cothaíonn siad í go leanúnach trí chumarsáid éifeachtach<br>bainistíonn siad acmhainní daonna, fisiceacha agus airgeadais na scoile chun eagraíocht foghlama a chruthú agus a choinneáil<br>bainistíonn siad staideanna dúshlánacha agus casta ar bhealach a léiríonn comhionannas, cothroime agus ceartas<br>forbraíonn siad agus cuireann siad i bhfeidhm córas chun freagracht agus cuntasacht ghairmiúil a chur chun cinn |
| | **Ceannaireacht ar fhorbairt na scoile** | Maidir le ceannairí scoile:<br>cuireann siad an fhís atá mar threoir ag an scoil in iúl agus bíonn siad i gceannas ar bhaint amach na físe seo<br>bíonn siad i gceannas ar rannpháirtíocht na scoile i bpróiseas leanúnach féinmheastóireachta<br>déanann siad caidrimh a thógáil agus a choinneáil le tuismitheoirí, le scoileanna eile, agus leis an bpobal níos leithne<br>déanann siad bainistiú, ceannaireacht agus idirghabháil ar an athrú d'fhonn freagairt do riachtanais athraitheacha na scoile agus d'athruithe san oideachas |
| | **Acmhainn na ceannaireachta a fhorbairt** | Maidir le ceannairí scoile:<br>déanann siad léirmheastóireacht ar a gcleachtas mar cheannairí agus forbraíonn siad an tuiscint atá acu ar cheannaireacht éifeachtach agus inbhuanaithe<br>cuireann siad ar chumas na mball foirne róil cheannaireachta a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm<br>cothaíonn siad agus éascaíonn siad an fhorbairt ar rannpháirtíocht na ndaltaí, ceannaireacht na ndaltaí agus rannpháirtíocht tuismitheoirí<br>tógann siad líonraí gairmiúla le ceannairí scoile eile |

[8] Leanann daltaí i mbunscoileanna curaclam na bunscoile. Leanann daltaí/scoláirí i scoileanna speisialta curaclam scoile atá oiriúnach agus idirdhealaithe. Féadfaidh múinteoirí sna scoileanna seo leas a bhaint as raon curaclam ó fhoinsí éagsúla, ag brath ar riachtanais foghlama na ndaltaí/na scoláirí.

## Ráitis ar chleachtas – Foghlaim agus teagasc

### *Réimse 1: Torthaí na bhfoghlaimeoirí*[9]

| Caighdeáin | Ráitis ar chleachtas éifeachtach | Ráitis ar chleachtas fíor-éifeachtach |
|---|---|---|
| **Baineann na daltaí taitneamh as a gcuid foghlama, tá siad spreagtha chun foghlama agus tá siad ag súil le gnóthachtáil mar fhoghlaimeoirí** | Is léir go mbaineann na daltaí taitneamh as an bhfoghlaim agus go minic bíonn sé nasctha le mothú go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh acu agus go bhfuil siad ag gnóthachtáil. Cuireann a rannpháirtíocht san fhoghlaim lena mothú folláine. | Is léir go mbaineann na daltaí taitneamh as an bhfoghlaim agus **eascraíonn sé** as mothú go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh acu agus go bhfuil siad ag gnóthachtáil. Cuireann a rannpháirtíocht san fhoghlaim lena mothú folláine. |
| | Tá na daltaí spreagtha chun foghlama, agus bíonn sé seo nasctha go minic le mothú soiléir a bheith acu de thorthaí foghlama insroichte. | Spreagtar na daltaí chun foghlama **trí mhothú soiléir a bheith acu de thorthaí foghlama insroichte agus dúshlánacha**. |
| | Tá íomhá dhearfach ag daltaí díobh féin mar fhoghlaimeoirí agus léiríonn siad é seo ina gcur chuige ina gcuid foghlama. | Tá íomhá dhearfach ag daltaí díobh féin mar fhoghlaimeoirí **muiníneacha cumasacha** agus léiríonn siad é seo ina gcur chuige ina gcuid foghlama. |
| **Tá an t-eolas, na scileanna agus na dearcthaí riachtanacha ag daltaí chun iad féin agus a gcaidreamh a thuiscint** | Léiríonn na daltaí eolas, atá oiriúnach dá gcéim forbartha, ar a n-iompraíocht féin mar dhaoine aonair agus mar bhaill de ghrúpa. Is féidir leo an t-eolas seo a chur i bhfeidhm chun cásanna a bhainistiú, agus chun tacú lena bhfolláine. | Léiríonn na daltaí eolas, atá oiriúnach dá gcéim forbartha, ar a n-iompraíocht féin mar dhaoine aonair agus mar bhaill de ghrúpa. **Cuireann siad an t-eolas seo i bhfeidhm go tuisceanach** chun cásanna a bhainistiú agus chun tacú lena bhfolláine. |
| | Tá na scileanna ag daltaí a n-iompraíocht a athrú agus a oiriúnú nuair is gá. | Bíonn na scileanna ag daltaí chun a n-iompraíocht a athrú agus a oiriúnú nuair is gá, **agus aithníonn siad an gá atá le déanamh amhlaidh iad féin**. |
| | Cuireann na daltaí scileanna smaointeoireachta criticiúla agus fadhbréitigh i bhfeidhm ina gcur chuige ina gcuid foghlama. | Cuireann na daltaí scileanna smaointeoireachta criticiúla agus fadhbréitigh i bhfeidhm ina gcur chuige ina gcuid foghlama agus **forbraíonn siad mar fhoghlaimeoirí neamhspleácha**. |
| | Léiríonn na daltaí dearcadh fiosrach ina leith féin agus ina leith siúd timpeall orthu. | Léiríonn na daltaí dearcadh fiosrach **agus oscailte** ina dtaobh féin agus ina leith siúd timpeall orthu. |
| **Léiríonn na daltaí an t-eolas, na scileanna agus an tuiscint a theastaíonn ón gcuraclam** | Forbraítear eolas, scileanna agus tuiscint na ndaltaí ar choincheapa do gach réimse den churaclam go hardchaighdeán. Cuirtear na luachanna, meonta foghlama agus dearcthaí do gach achar curaclaim chun cinn mar is cuí. | Forbraítear eolas, scileanna agus tuiscint na ndaltaí ar choincheapa do gach réimse den churaclam **go caighdeán an-ard**. Cuirtear na luachanna, meonta foghlama agus dearcthaí do gach achar curaclaim chun cinn mar is cuí. |
| | Léiríonn na daltaí eolas, scileanna agus tuiscint ar ardchaighdeáin i dtaca le sainréimsí curaclaim agus ábhair an churaclaim ag teacht le torthaí, scileanna agus coincheapa an churaclaim. | Léiríonn na daltaí eolas, scileanna agus tuiscint **ar chaighdeán an-ard** i dtaca le sainréimsí curaclaim agus ábhair an churaclaim ag teacht le torthaí, scileanna agus coincheapa an churaclaim. |
| | Léiríonn siad na luachanna, meonta foghlama agus dearcthaí cuí a eascraíonn as a rannpháirtíocht le réimsí agus le hábhair churaclaim ar leith. | Léiríonn siad **go muiníneach agus go hinniúil** na luachanna, meonta foghlama agus dearcthaí cuí a eascraíonn as a rannpháirtíocht le réimsí agus le hábhair churaclaim ar leith. |
| | Tá gnóthachtáil iomlán na ndaltaí ag feabhsú nó ag caighdeán maith ag teacht le torthaí agus scileanna an churaclaim. | Tá gnóthachtáil iomlán na ndaltaí ag feabhsú nó ag caighdeán **an-mhaith** ag teacht le torthaí agus scileanna an churaclaim. |
| | Is féidir le daltaí dul i mbun próisis chruthaitheacha ina n-aonar agus go comhoibríoch a fhorbraíonn a gcuid eolais, scileanna agus tuisceana agus a mbíonn smaointe agus réitigh nua agus nuálacha mar thoradh orthu. | Is féidir le daltaí dul i mbun próisis chruthaitheacha ina n-aonar agus go comhoibríoch **lena n-athraítear** a n-eolas, a scileanna agus a dtuiscint ó bhonn agus as a dtagann smaointe agus réitigh nua agus nuálacha **a bhfuil luach acu i bhfeidhmeanna fíorshaoil**. |
| | Aithnítear daltaí mar phríomhchuiditheoirí i dtaca lenár dtodhchaí inbhuanaithe. Ag teacht leis an gcuraclam, tá a dtuiscint ar shaincheisteanna comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha agus ar shaoránacht ghníomhach, agus ar na cearta agus na freagrachtaí gaolmhara i gcomhthéacsanna áitiúla agus níos leithne á forbairt. Cuirtear ar a gcumas gníomhú go freagrach ar son domhan níos inbhuanaithe. | Aithnítear daltaí mar phríomhchuiditheoirí i dtaca lenár dtodhchaí inbhuanaithe. Ag teacht leis an gcuraclam, tá a dtuiscint ar shaincheisteanna comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha agus ar shaoránacht ghníomhach, agus ar na cearta agus na freagrachtaí gaolmhara i gcomhthéacsanna áitiúla agus níos leithne á forbairt. Cuirtear ar chumas na **ndaltaí cur go dearfach, go gníomhach agus go tuisceanach i dtreo domhan níos inbhuanaithe agus níos cothroime a chruthú**. |

[9] Agus na ráitis ar chleachtas sa réimse seo á mbreithniú, ba chóir cumas, céim forbartha, láidreachtaí aitheanta agus riachtanais foghlama na ndaltaí a chur san áireamh.

| Caighdeáin | Ráitis ar chleachtas éifeachtach | Ráitis ar chleachtas fíor-éifeachtach |
|---|---|---|
| **Baineann na daltaí amach na torthaí foghlama atá luaite don téarma agus don bhliain** | Baineann na daltaí amach na torthaí foghlama atá beartaithe don cheacht nó do shraith ceachtanna, a bhfuil idirdhealú cuí déanta orthu nuair is gá. | Baineann daltaí amach, **agus uaireanta sáraíonn siad**, na torthaí foghlama atá beartaithe don cheacht nó do shraith ceachtanna, a bhfuil idirdhealú cuí déanta orthu nuair is gá. |
| | Léiríonn na daltaí go bhfuil na torthaí foghlama sonraithe don téarma agus don bhliain bainte amach acu, a bhfuil idirdhealú cuí déanta orthu nuair is gá. | Léiríonn na daltaí go bhfuil na torthaí foghlama sonraithe don téarma agus don bhliain bainte amach acu, **agus uaireanta sáraithe acu**, atá idirdhealaithe go cuí nuair is gá. |
| | Tá gnóthachtáil na ndaltaí i measúnuithe suimitheacha, trialacha caighdeánaithe san áireamh, ag teacht le nó os cionn ionchais réadúla. | Tá gnóthachtáil na ndaltaí i measúnuithe suimitheacha, trialacha caighdeánaithe san áireamh, ag teacht le nó os cionn ionchais réadúla. |



## *Réimse 2: Eispéiris na bhfoghlaimeoirí*[10]

| Caighdeáin | Ráitis ar chleachtas éifeachtach | Ráitis ar chleachtas fíor-éifeachtach |
|---|---|---|
| **Glacann na daltaí páirt i ngníomhaíochtaí foghlama bríocha ar bhealach a bhfuil cuspóir leis** | Léiríonn na daltaí leibhéil arda suime agus rannpháirtíochta san fhoghlaim. | Léiríonn na daltaí leibhéil **an-ard** suime agus rannpháirtíochta san fhoghlaim. |
| | Tá na daltaí in ann foghlaim go neamhspleách agus go comhoibríoch ar bhealach cruthaitheach, a bhfuil cuspóir leis. | Tá na daltaí in ann foghlaim go neamhspleách agus go comhoibríoch ar bhealach **an-chruthaitheach, táirgiúil a bhfuil cuspóir leis.** |
| | Tuigeann daltaí agus tig leo cuspóir a dtascanna foghlama a mhíniú. | Tuigeann daltaí agus tig leo cuspóir a dtascanna foghlama a mhíniú, **agus is féidir leo an ghníomhaíocht a leathnú agus a fhorbairt go bríoch**. |
| | Bíonn na daltaí in ann próiseas agus toradh na ngníomhaíochtaí foghlama a thuairisciú, a chur i láthair agus a mhíniú go leibhéal inniúil. | Bíonn na daltaí in ann próiseas agus toradh na ngníomhaíochtaí foghlama a thuairisciú, a chur i láthair agus a mhíniú go leibhéal **an-inniúil**. |
| | Léiríonn na daltaí tionscnamh, féintuilleamaí, féinmheas dearfach agus féinmhuinín. Léiríonn siad meonta foghlama dearfacha ar nós cruthaitheacht, fadhbréiteach, bainistíocht ama, smaointeoireacht chriticiúil, athléimneacht, seiftiúlacht agus buanseasmhacht. | Léiríonn na daltaí tionscnamh, féintuilleamaí, féinmheas dearfach agus féinmhuinín. Léiríonn siad meonta foghlama dearfacha **go cumasach gníomhach** ar nós cruthaitheacht, fadhbréiteach, bainistíocht ama, smaointeoireacht chriticiúil, athléimneacht, seiftiúlacht agus buanseasmhacht. |
| **Fásann daltaí mar fhoghlaimeoirí trí idirghníomhaíochtaí ómósacha agus eispéiris atá dúshlánach agus tacúil** | Tá na hidirghníomhaíochtaí i measc na ndaltaí agus idir na daltaí agus na múinteoirí measúil agus dearfach, agus cuidíonn siad le folláine. | Tá na hidirghníomhaíochtaí i measc na ndaltaí agus idir na daltaí agus na múinteoirí measúil agus dearfach, agus cuidíonn siad le folláine. |
| | Tacaíonn na caidrimh agus na hidirghníomhaíochtaí i seomraí ranga agus i limistéir foghlama le timpeallacht foghlama atá dearfach, comhoibríoch agus táirgiúil. | Cruthaíonn agus cothaíonn na caidrimh agus na hidirghníomhaíochtaí i seomraí ranga agus i limistéir foghlama timpeallacht foghlama atá **an-dearfach**, comhoibritheach, **tacúil** agus táirgiúil. |
| | Is gnách gur léiriú maith iad eispéiris na ndaltaí mar fhoghlaimeoirí ar an gcaoi a dtuigtear agus a chuirtear i bhfeidhm an cód iompair. | Is léiriú **maith agus comhsheasmhach** iad eispéiris na ndaltaí mar fhoghlaimeoirí ar an gcaoi a dtuigtear agus a chuirtear i bhfeidhm an cód iompair. |
| | Mothaíonn na daltaí go bhfuil siad ábalta a dtuairimí agus a dtaithí a chur le plé ranga. Éisteann siad go measúil le tuairimí agus eispéiris a gcomhdhaltaí agus daoine eile i bpobal na scoile. | Cuireann na daltaí a dtuairimí agus a n-eispéiris **go muiníneach agus go rialta** le plé ranga. **Tá meas agus spéis acu** i dtuairimí agus eispéiris a gcomhdhaltaí agus daoine eile i bpobal na scoile. |
| | Cuireann na daltaí ceisteanna agus molann siad réitigh fhéideartha go muiníneach. Bíonn siad sásta dul sa seans agus freagairtí míchearta a thabhairt, agus glacann siad leis gur cuid den phróiseas foghlama iad botúin. | Cuireann na daltaí ceisteanna agus molann siad réitigh fhéideartha **go muiníneach**. Bíonn siad sásta dul sa seans agus freagairtí míchearta a thabhairt, agus **tuigeann siad an luach a bhaineann le botúin a dhéanamh, agus iad á n-úsáid acu mar dheiseanna foghlama**. |
| | Léiríonn na daltaí leibhéal leordhóthanach spreagtha chun páirt a ghlacadh agus chun leanúint le tascanna a bhfuil méadú sa dúshlán iontu. | Léiríonn na daltaí **leibhéal ard** spreagtha, agus **baineann siad taitneamh** as páirt a ghlacadh agus leanúint le tascanna a bhfuil méadú sa dúshlán iontu. |
| **Déanann na daltaí athmhachnamh ar a ndul chun cinn mar fhoghlaimeoirí agus forbraíonn siad mothú úinéireachta agus freagrachta as a bhfoghlaim** | Déanann na daltaí measúnú ar a ndul chun cinn agus tuigeann siad a láidreachtaí agus a réimsí forbartha mar fhoghlaimeoirí. | Déanann na daltaí measúnú **réadúil** ar a ndul chun cinn agus **is féidir leo** cur síos a dhéanamh ar a láidreachtaí agus ar a réimsí forbartha mar fhoghlaimeoirí. |
| | Tá na daltaí bródúil as a gcuid foghlama agus leanann siad an treoir a fhaigheann siad chun í a fheabhsú. | Tá **mothúchán úinéireachta ag na daltaí ar a gcuid foghlama**, bíonn siad bródúil aisti, agus **glacann siad freagracht as í a fheabhsú**. |
| | Déanann na daltaí machnamh ar a n-iompar agus ar a ndearcadh i leith na foghlama, agus bíonn siad in ann cur le spriocanna bríocha a leagan amach dóibh féin. | Déanann na daltaí machnamh ar a n-iompar agus ar a ndearcadh i leith na foghlama, agus **bíonn siad in ann spriocanna pearsanta bríocha a leagan síos mar thoradh ar a machnamh**. |

10 Agus na ráitis ar chleachtas sa réimse seo á mbreithniú, ba chóir cumas, céim forbartha, láidreachtaí aitheanta agus riachtanais foghlama na ndaltaí a chur san áireamh.

| Caighdeáin | Ráitis ar chleachtas éifeachtach | Ráitis ar chleachtas fíor-éifeachtach |
|---|---|---|
| | Nuair a chuireann an curaclam deiseanna ar fáil chun é sin a dhéanamh, bíonn daltaí in ann idirbheartaíocht a dhéanamh ar a gcuid foghlama, rud a mhéadaíonn a neamhspleáchas mar fhoghlaimeoirí. | Nuair a chuireann an curaclam deiseanna ar fáil chun é sin a dhéanamh, bíonn daltaí in ann idirbheartaíocht a dhéanamh **agus machnamh a dhéanamh** ar a gcuid foghlama, rud a mhéadaíonn a neamhspleáchas **agus a n-éifeachtacht** mar fhoghlaimeoirí. |
| | Glacann na daltaí freagracht as a gcuid foghlama féin agus úsáideann siad na hacmhainní foghlama, lena n-áirítear teicneolaíochtaí digiteacha, a chuirtear ar fáil dóibh chun a scileanna a fhorbairt, a dtuiscint a chur i bhfeidhm agus a gcuid eolais a leathnú. | Glacann na daltaí freagracht as a gcuid foghlama féin agus úsáideann siad na hacmhainní foghlama, lena n-áirítear teicneolaíochtaí digiteacha, a chuirtear ar fáil dóibh **agus a fhaigheann siad féin** chun a scileanna a fhorbairt, a dtuiscint a chur i bhfeidhm agus a gcuid eolais a leathnú. |
| **Faigheann na daltaí deiseanna chun na scileanna agus na dearcthaí atá riachtanach don fhoghlaim ar feadh an tsaoil a fhorbairt** | Déanann na daltaí naisc bhríocha idir an fhoghlaim i réimsí agus ábhair éagsúla curaclaim. | Déanann na daltaí naisc bhríocha **agus iontaofa** idir an fhoghlaim i réimsí agus ábhair éagsúla curaclaim agus **úsáideann siad na naisc seo chun a gcuid foghlama a threorú**. |
| | Déanann daltaí naisc bhríocha idir foghlaim scoilbhunaithe agus foghlaim a tharlaíonn i gcomhthéacsanna eile. | Déanann daltaí naisc bhríocha **agus iontaofa** idir foghlaim scoilbhunaithe agus foghlaim a tharlaíonn i gcomhthéacsanna eile. |
| | Is féidir le daltaí, le treoir éigin, na scileanna a foghlaimíodh i gcomhthéacs amháin a aistriú go comhthéacs eile agus iad a chur i bhfeidhm | Is féidir le daltaí, **as a stuaim féin**, na scileanna a foghlaimíodh i gcomhthéacs amháin a aistriú go comhthéacs eile agus iad a chur i bhfeidhm. |
| | Tá na daltaí feasach ar na príomhscileanna atá mar bhonn ag an gcuraclam agus ar a n-ábharthacht don fhoghlaim reatha agus don fhoghlaim amach anseo. | Tá na daltaí ábalta na príomhscileanna atá mar bhonn agus mar thaca ag an gcuraclam **a mhíniú** agus a n-ábharthacht d’fhoghlaim an lae inniu agus don fhoghlaim amach anseo **a thuiscint**. |
| | Glacann na daltaí na deiseanna a chuirtear ar fáil le heispéiris churaclaim agus eispéiris foghlama eile chun na príomhscileanna seo a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt. | Glacann na daltaí na deiseanna a chuirtear ar fáil le heispéiris churaclaim agus eispéiris foghlama eile chun na príomhscileanna seo a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt **go comhfhiosach agus d’aon ghnó**. |
| | Bíonn na daltaí muiníneach as an teicneolaíocht a úsáid ina n-aonar agus i gcomhar lena bpiaraí chun cur leis an eispéireas foghlama agus chun scileanna cuí a fhorbairt. Bíonn siad freagrach agus feasach ar an tionchar a bhíonn ag úsáid na teicneolaíochta orthu féin agus ar dhaoine eile. | Bíonn na daltaí **nuálach**, muiníneach agus **cruthaitheach** in úsáid na teicneolaíochta ina n-aonar agus i gcomhar lena bpiaraí chun cur leis an eispéireas foghlama agus chun scileanna cuí a fhorbairt. Bíonn siad freagrach san úsáid a bhaineann siad as an teicneolaíocht agus **déanann siad riosca a mhaolú go gníomhach chun a chinntiú go mbíonn tionchar dearfach ag an teicneolaíocht orthu féin agus ar dhaoine eile**. |
| | Tá tuiscint aois-oiriúnach ag daltaí ar choincheap na foghlama ar feadh an tsaoil, agus bíonn siad sách meáite ar oideachas agus oiliúint leanúnach. | Tá tuiscint aois-oiriúnach ag daltaí ar choincheap na foghlama ar feadh an tsaoil, agus **feiceann siad iad féin ag gabháil** don oideachas agus oiliúint leanúnach. |

## *Réimse 3: Cleachtas aonair na múinteoirí*

| Caighdeáin | Ráitis ar chleachtas éifeachtach | Ráitis ar chleachtas fíor-éifeachtach |
|---|---|---|
| **Tá an t-eolas curaclaim, an t-eolas oideolaíoch agus na scileanna bainistíochta ranga riachtanacha ag an múinteoir** | Tá na cáilíochtaí gairmiúla riachtanacha ag múinteoirí. Glacann siad páirt i raon deiseanna foghlama pearsanta agus gairmiúla agus déanann siad machnamh leanúnach ar a gcuid foghlama agus cleachtais féin. | Tá na cáilíochtaí gairmiúla riachtanacha ag **múinteoirí agus bíonn siad gníomhach ag lorg deiseanna breise foghlama. Déanann siad machnamh criticiúil ar a gcuid foghlama agus cleachtais féin.** Glacann siad páirt i raon deiseanna foghlama pearsanta agus gairmiúla **a fhorbraíonn a gcumas mar ghairmithe chun freastal ar riachtanais foghlama a ndaltaí agus a chuidíonn le feabhsú na scoile.** |
| | Cruthaíonn múinteoirí timpeallacht foghlama ionchuimsitheach, a bhfuil cuspóir léi agus atá dírithe ar an dalta bunaithe ar chomh-mheas, dearbhú agus muinín. | Cruthaíonn múinteoirí timpeallacht foghlama ionchuimsitheach, a bhfuil cuspóir léi agus atá dírithe ar an dalta bunaithe ar chomh-mheas, dearbhú agus muinín, **ina rialaíonn agus ina ndéanann daltaí monatóireacht ar a n-iompraíocht féin**. |
| | Bíonn ionchais arda ag múinteoirí maidir le foghlaim agus iompar na ndaltaí, agus cuireann siad na hionchais seo in iúl go héifeachtach do na daltaí. | Bíonn ionchais arda ag múinteoirí maidir le foghlaim agus iompar na ndaltaí, cuireann siad na hionchais seo in iúl go héifeachtach do na daltaí, **agus cuidíonn siad leo iad a inmheánú**. |
| | Léiríonn múinteoirí cumas agus inniúlacht sna scileanna oideolaíocha a theastaíonn do na réimsí curaclaim agus d’ábhair an churaclaim. | Léiríonn múinteoirí cumas agus inniúlacht i scileanna agus eolas ar réimsí curaclaim agus ábhair an churaclaim, **agus tá siad in ann réimse curaclaim agus scileanna agus eolas a bhaineann go sonrach le hábhar a nascadh ar fud an churaclaim agus lasmuigh de**. |
| | Spreagann múinteoirí, trína ndíograis féin i leith agus trí thaitneamh a bhaint as réimsí curaclaim agus ábhair an churaclaim, na daltaí chun dul i ngleic lena gcuid foghlama agus taitneamh a bhaint as. | Déanann múinteoirí díograis agus taitneamh san fhoghlaim **a ionsamhlú, agus ar an gcaoi sin, cruthaíonn siad timpeallacht foghlama ina mbíonn na daltaí féin-spreagtha** chun dul i ngleic lena gcuid foghlama, **síneadh a chur léi** agus taitneamh a bhaint as. |
| **Roghnaíonn agus úsáideann an múinteoir cleachtais ullmhúcháin agus mheasúnaithe a chuireann foghlaim na ndaltaí chun cinn** | Aithnítear torthaí foghlama ábhartha in ullmhúchán na múinteoirí, lena n-áirítear an fhoghlaim nua a tharlóidh sna ceachtanna nó sa tsraith ceachtanna. Cuirtear na torthaí foghlama i gcomhthéacs do riachtanais foghlama, spéiseanna agus cumais na ndaltaí. | Aithnítear torthaí foghlama ábhartha in ullmhúchán na múinteoirí, lena n-áirítear an fhoghlaim nua a tharlóidh sna ceachtanna nó sa tsraith ceachtanna. Cuirtear na torthaí foghlama i gcomhthéacs do riachtanais foghlama, spéiseanna agus cumais na ndaltaí **agus léiríonn siad cur chuige forásach agus incriminteach chun foghlaim na ndaltaí a chur chun cinn**. |
| | Dearann agus ullmhaíonn múinteoirí seicheamh d’eispéiris foghlama roimh ré atá dúshlánach go cuí de réir fhócas na foghlama sa cheacht nó sa tsraith ceachtanna agus úsáideann siad cásanna fíorsaoil, nuair is cuí. | Dearann agus ullmhaíonn múinteoirí seicheamh eispéiris foghlama roimh ré atá dúshlánach go cuí de réir fhócas na foghlama sa cheacht nó sa tsraith ceachtanna, agus úsáideann siad cásanna fíorsaoil, nuair is cuí. **Tá dearadh agus seachadadh ceachtanna solúbtha chun deiseanna foghlama atá ag teacht chun cinn a cheadú agus chun gnéithe de rogha a sholáthar do dhaltaí**. |
| | Aithníonn agus ullmhaíonn múinteoirí acmhainní roimh ré, lena n-áirítear acmhainní digiteacha, nuair is cuí, atá oiriúnach d’fhócas na foghlama sa cheacht, nó do shraith ceachtanna, agus do riachtanais foghlama an ranga. | Aithníonn agus ullmhaíonn múinteoirí **go críochnúil** acmhainní roimh ré, lena n-áirítear acmhainní digiteacha, nuair is cuí, **atá oiriúnaithe d’fhonn teacht leis an bhfócas foghlama sa cheacht, nó sa tsraith ceachtanna, agus le riachtanais foghlama, spéiseanna agus cumais daltaí aonair**. |
| | Treoraíonn a gcuid eolais ar an gcuraclam agus eolas ar oideolaíocht ullmhúchán na múinteoirí. Cuimsíonn sé ullmhúchán do dhifreáil na dtorthaí foghlama agus na ngníomhaíochtaí foghlama, agus tá sé bunaithe ar anailís bhríoch ar shonraí agus ar úsáid sonraí chomh maith le breithiúnas gairmiúil agus cinnteoireacht múinteoirí. | Treoraíonn a gcuid eolais ar an gcuraclam agus eolas ar oideolaíocht ullmhúchán na múinteoirí. Cuimsíonn sé ullmhúchán le haghaidh idirdhealú a dhéanamh ar thorthaí foghlama agus ar ghníomhaíochtaí foghlama, lena n-áirítear **deiseanna foghlama pearsantaithe**, agus tá sé bunaithe ar anailís bhríoch agus úsáid sonraí chomh maith le breithiúnas gairmiúil agus cinnteoireacht múinteoirí. |

| Caighdeáin | Ráitis ar chleachtas éifeachtach | Ráitis ar chleachtas fíor-éifeachtach |
|---|---|---|
| | Déanann múinteoirí pleanáil le haghaidh measúnú a dhéanamh ar ghnóthachtáil na ndaltaí ar thorthaí foghlama roghnaithe an cheachta, nó ar shraith ceachtanna, ag baint úsáid as measúnú foirmitheach agus measúnú suimitheach araon. | Déanann múinteoirí pleanáil chun measúnú a dhéanamh **ar gach gné ábhartha d'fhoghlaim na ndaltaí** sa cheacht, nó i sraith ceachtanna, ag baint úsáid as measúnú foirmitheach agus measúnú suimitheach. |
| | Cuimsíonn cleachtais mheasúnaithe na múinteoirí, ní hamháin measúnú ar an eolas ach measúnú ar scileanna agus meonta freisin. | Cuimsíonn cleachtais mheasúnaithe na múinteoirí, ní amháin measúnú ar an eolas ach measúnú ar scileanna agus meonta freisin. **Déanann múinteoirí straitéisí measúnaithe a shaincheapadh chun freastal ar riachtanais foghlama aonair**. |
| | Cuireann múinteoirí aiseolas cuiditheach, forásach ó bhéal agus scríofa ar a gcuid foghlama ar fáil do dhaltaí go rialta. | Cuireann múinteoirí aiseolas cuiditheach, forásach ó bhéal agus scríofa ar fáil do dhaltaí go rialta. **Úsáideann múinteoirí aiseolas chun oibriú le daltaí ar straitéisí soiléire chun feabhais.** |
| | Roinneann múinteoirí critéir ratha le daltaí ionas gur féidir leo a gcuid foghlama féin a mheas trí fhéinmheasúnú agus trí phiarmheasúnú. | Roinneann **agus comhchruthaíonn** múinteoirí critéir ratha le daltaí ionas gur féidir leo a gcuid foghlama féin a mheas trí fhéinmheasúnú agus trí phiarmheasúnú, agus **sainaithníonn siad réimsí le haghaidh feabhsúcháin agus straitéisí chun feabhsú a bhaint amach**. |
| | Coinníonn múinteoirí taifid mheasúnaithe atá soiléir, úsáideach agus éasca le tuiscint agus le roinnt. | Coinníonn múinteoirí taifid mheasúnaithe atá soiléir, úsáideach, éasca le tuiscint agus le roinnt, agus **atá in oiriúint do riachtanais foghlama aonair na ndaltaí**. |
| **Roghnaíonn agus úsáideann an múinteoir cuir chuige teagaisc atá oiriúnach do na torthaí foghlama atá beartaithe agus do riachtanais foghlama na ndaltaí** | Roghnaíonn agus úsáideann múinteoirí cuir chuige a thagann le toradh/torthaí foghlama roghnaithe an cheachta agus a fhreastalaíonn ar riachtanais foghlama, spéiseanna agus cumais na ndaltaí. | Roghnaíonn agus úsáideann múinteoirí cuir chuige a thagann le toradh/torthaí foghlama roghnaithe an cheachta, a fhreastalaíonn ar riachtanais foghlama, spéiseanna agus cumais na ndaltaí, **agus a chuireann deiseanna foghlama breise chun cinn.** |
| | Soláthraíonn múinteoirí teagasc ar ardchaighdeán a spreagann rannpháirtíocht na ndaltaí agus a thacaíonn le deiseanna uathrialacha foghlama. Coinníonn múinteoirí cothromaíocht idir a n-ionchur féin agus rannpháirtíocht agus freagairt tháirgiúil na ndaltaí. | Soláthraíonn múinteoirí teagasc **fíor-éifeachtach** a spreagann rannpháirtíocht **dhomhain** daltaí agus a thacaíonn le deiseanna uathrialacha foghlama. Déanann múinteoirí rannpháirtíocht, freagairt agus **machnamh daltaí a bharrfheabhsú trína n-ionchur féin a bhainistiú go sciliúil**. |
| | Úsáideann múinteoirí raon teicníochtaí ceistiúcháin go héifeachtach chun críocha éagsúla lena n-áirítear freagairtí substaintiúla na ndaltaí a spreagadh agus teagmháil níos doimhne le hábhar an cheachta a éascú. | Úsáideann múinteoirí raon teicnící ceistiúcháin go héifeachtach chun críocha éagsúla lena n-áirítear freagairtí substaintiúla na ndaltaí a spreagadh, teagmháil níos doimhne le hábhar an cheachta a éascú **agus an fhoghlaim a leathnú thar an gceacht**. |
| | Déanann múinteoirí idirdhealú bríoch idir ábhar agus gníomhaíochtaí chun freastal ar riachtanais, spéiseanna agus cumais éagsúla na ndaltaí. | Déanann múinteoirí idirdhealú bríoch idir ábhar agus gníomhaíochtaí **lena chinntiú go dtugtar dúshlán do gach dalta leis na gníomhaíochtaí foghlama agus go n-éireoidh leo mar fhoghlaimeoirí**. |
| | Forbraíonn múinteoirí scileanna litearthachta agus uimhearthachta cuí ar bhealach a bhfuil cuspóir leis le linn ceachtanna. | Déanann múinteoirí scileanna litearthachta agus uimhearthachta ábhartha **a chomhtháthú sa cheacht**. |
| | Cuireann múinteoirí ar chumas na ndaltaí naisc bhríocha a dhéanamh idir ábhar an cheachta agus a gcuid foghlama i réimsí agus ábhair eile den churaclam agus in áiteanna eile. | Cuireann múinteoirí ar chumas na ndaltaí naisc bhríocha a dhéanamh idir ábhar an cheachta agus a gcuid foghlama i réimsí agus ábhair eile curaclaim, **agus a gcuid foghlama a aistriú go heispéiris nua**. |
| **Freagraíonn an múinteoir do riachtanais foghlama aonair agus déanann siad idirdhealú idir gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc de réir mar is gá** | Tá múinteoirí feasach ar riachtanais foghlama, spéiseanna agus cumais aonair na ndaltaí, agus cuireann siad cleachtais foghlama agus teagaisc in oiriúint dá réir. | Tá múinteoirí feasach ar riachtanais fhoghlama aonair, spéiseanna agus cumais na ndaltaí, **agus déanann siad idirghabhálacha pearsantaithe a dhearadh agus a fheidhmiú** dá réir. |
| | Téann múinteoirí i ngleic le tuairimí, meonta, suimeanna agus comhthéacsanna na ndaltaí, agus modhnaíonn siad a gcleachtas múinteoireachta le tógáil ar dheiseanna agus le dul i ngleic le haon teorainneacha a bhaineann leo. | Téann múinteoirí i ngleic le tuairimí, meonta, suimeanna agus comhthéacsanna na ndaltaí, agus modhnaíonn siad a gcleachtas múinteoireachta le tógáil ar dheiseanna agus le dul i ngleic le haon teorainneacha a bhaineann leo. **Cuireann múinteoirí ar chumas na ndaltaí leas a bhaint as na deiseanna seo agus taithí a fháil ar rath.** |

## *Réimse 4: Cleachtas comhchoiteann/comhoibríoch na múinteoirí*

| Caighdeáin | Ráitis ar chleachtas éifeachtach | Ráitis ar chleachtas fíor-éifeachtach |
|---|---|---|
| **Bíonn meas ag na múinteoirí ar an bhfoghlaim ghairmiúil agus ar an gcomhoibriú gairmiúil agus glacann siad páirt iontu** | Aithníonn múinteoirí go bhfuil foghlaim ghairmiúil agus comhoibriú mar chuid bhunúsach dá gcuid oibre. | Aithníonn **agus dearbhaíonn** múinteoirí go bhfuil foghlaim ghairmiúil agus comhoibriú mar chuid bhunúsach dá gcuid oibre. |
| | Úsáideann múinteoirí am cruinnithe foirmeálta agus ullmhúcháin chun machnamh a dhéanamh le chéile ar a gcuid oibre. | Úsáideann múinteoirí am cruinnithe foirmeálta agus ullmhúcháin chun machnamh a dhéanamh le chéile ar a gcuid oibre. |
| | Téann múinteoirí i ngleic go gníomhach agus go táirgiúil le héagsúlacht deiseanna foghlama gairmiúla, lena n-áirítear foghlaim ghairmiúil scoilbhunaithe eagraithe. | **Is comhthéacs ríthábhachtach í an scoil ina dtarlaíonn foghlaim ghairmiúil na múinteoirí.** Téann múinteoirí i ngleic go gníomhach agus go táirgiúil le, **agus ceapann siad**, deiseanna foghlama gairmiúla éagsúla **ina mbíonn machnamh criticiúil ar an bhfoghlaim agus ar an gcleachtas**. |
| | Aithníonn múinteoirí agus téann siad i mbun foghlama gairmiúla a fhorbraíonn a gcleachtas féin agus a fhreastalaíonn ar riachtanais na ndaltaí agus na scoile. | Aithníonn múinteoirí agus téann siad i mbun foghlama gairmiúla a fhorbraíonn a gcleachtas féin, a fhreastalaíonn ar riachtanais na ndaltaí agus na scoile, **agus a fheabhsaíonn an cleachtas comhchoiteann**. |
| | Féachann múinteoirí ar chomhoibriú mar mhodh chun foghlaim na ndaltaí a fheabhsú agus chun a bhfoghlaim ghairmiúil féin a fheabhsú freisin. Téann siad i mbun cleachtas comhoibríoch cuiditheach. | Féachann múinteoirí ar chomhoibriú mar mhodh chun foghlaim na ndaltaí a fheabhsú agus chun a bhfoghlaim ghairmiúil féin a fheabhsú freisin. Glacann siad páirt i gcleachtas comhoibríoch cuiditheach, **agus in athbhreithniú comhoibríoch ar a gcleachtas**. |
| | Oibríonn múinteoirí chun caidrimh dhearfacha agus mheasúla a choinneáil le comhghleacaithe agus le bainistíocht na scoile ar mhaithe le foghlaim na ndaltaí, agus ar mhaithe le folláine na foirne agus na ndaltaí. Bíonn múinteoirí aireach ar a bhfolláine féin freisin agus glacann said freagracht aisti. | Oibríonn múinteoirí **go réamhghníomhach** chun caidrimh dhearfacha agus mheasúla a chothú agus **a fhorbairt tuilleadh** le comhghleacaithe agus le bainistíocht na scoile ar mhaithe le foghlaim na ndaltaí, agus ar mhaithe le folláine na foirne agus na ndaltaí. Bíonn múinteoirí aireach ar a bhfolláine féin freisin, **tugann siad aire ghníomhach di** agus glacann siad freagracht aisti. |
| | Cuireann múinteoirí cuir chuige scoile uile i bhfeidhm maidir le foghlaim agus teagasc a chuimsíonn úsáid ardáin ar líne agus teicneolaíochtaí digiteacha eile chun eispéiris agus torthaí daltaí a fheabhsú. | **Comhaontaíonn múinteoirí le chéile** agus cuireann siad cuir chuige scoile uile i bhfeidhm maidir le foghlaim agus teagasc a chuimsíonn úsáid ardáin ar líne agus teicneolaíochtaí digiteacha eile chun eispéiris agus torthaí daltaí a fheabhsú. |
| **Oibríonn múinteoirí le chéile chun deiseanna foghlama a cheapadh do dhaltaí ar fud an churaclaim agus lasmuigh de** | Déantar athbhreithniú agus gníomhú ar mhachnamh agus aiseolas na ndaltaí ar a gcuid foghlama le linn gníomhaíochtaí ullmhúcháin aonair agus comhoibríocha na múinteoirí. | Déantar athbhreithniú agus gníomhú **córasach** ar mhachnamh agus aiseolas na ndaltaí ar a gcuid foghlama le linn gníomhaíochtaí ullmhúcháin aonair agus comhoibríocha na múinteoirí. |
| | Déanann múinteoirí pleanáil go comoibríoch le haghaidh gníomhaíochtaí foghlama a chuireann ar chumas na ndaltaí naisc bhríocha a dhéanamh idir an fhoghlaim i réimsí curaclaim agus ábhair éagsúla. | Déanann múinteoirí pleanáil go comhoibríoch le haghaidh gníomhaíochtaí foghlama a chuireann ar chumas na ndaltaí naisc atá bríoch **agus níos dúshlánaí de réir a chéile** a dhéanamh idir an fhoghlaim i réimsí curaclaim agus ábhair éagsúla. |
| | Comhphleanann múinteoirí eispéiris foghlama a chuidíonn le daltaí féachaint ar an bhfoghlaim mar iarracht iomlánaíoch ar feadh an tsaoil. | Comhphleanann múinteoirí eispéiris foghlama **a chumasaíonn agus a chumhachtaíonn** daltaí féachaint ar an bhfoghlaim mar iarracht iomlánaíoch ar feadh an tsaoil. |
| | Oibríonn múinteoirí go héifeachtach lena chéile agus le tuismitheoirí chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais aitheanta foghlama acu. | Oibríonn múinteoirí **go han-éifeachtach** lena chéile agus le tuismitheoirí chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais aitheanta foghlama acu. |

| Caighdeáin | Ráitis ar chleachtas éifeachtach | Ráitis ar chleachtas fíor-éifeachtach |
|---|---|---|
| | Úsáideann múinteoirí cruinnithe tuismitheoirí-múinteoirí agus cumarsáid eile le tuismitheoirí go cuiditheach chun tacú le rannpháirtíocht bhríoch na dtuismitheoirí in oideachas a gcuid leanaí. | Úsáideann múinteoirí cruinnithe tuismitheoirí-múinteoirí agus cumarsáid eile le tuismitheoirí **go han-chuiditheach** chun tacú le rannpháirtíocht bhríoch na dtuismitheoirí in oideachas a bpáistí **agus a bhforbairt mar fhoghlaimeoirí**. |
| | Comhoibríonn múinteoirí le pearsanra seachtracha ábhartha agus cuí chun eispéiris foghlama lánbhríocha a sholáthar do dhaltaí. | Comhoibríonn múinteoirí le pearsanra seachtracha ábhartha agus cuí chun eispéiris foghlama lánbhríocha a sholáthar do dhaltaí, **agus oibríonn siad le chéile lena chinntiú go ndéantar an fhoghlaim a chomhtháthú.** |
| **I gcomhar lena chéile, forbraíonn múinteoirí agus cuireann siad i bhfeidhm cleachtais mheasúnaithe fhoirmitheacha agus shuimitheacha atá comhsheasmhach agus iontaofa** | Is cuid lárnach den fhoghlaim agus den teagasc é an measúnú. Tugann múinteoirí faoi mheasúnú mar iarracht chomhoibríoch chun tacú le foghlaim na ndaltaí agus a ngnóthachtáil a thomhas. | Is cuid lárnach den fhoghlaim agus den teagasc é an measúnú. Tugann múinteoirí faoi mheasúnú mar iarracht chomhoibríoch chun tacú le foghlaim na ndaltaí agus a ngnóthachtáil a thomhas. |
| | Tá polasaí scoile uile forbartha ag na múinteoirí i dteannta a chéile ar mheasúnú atá oiriúnach don churaclam agus dá ndaltaí. Áirítear cleachtais mheasúnaithe fhoirmitheacha agus shuimitheacha sa pholasaí. Cuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach é. | **I gcomhar leis na daltaí**, tá polasaí scoile uile forbartha ag na múinteoirí i dteannta a chéile ar mheasúnú atá oiriúnach don churaclam agus dá ndaltaí. Áirítear cleachtais mheasúnaithe fhoimitheacha agus shuimitheacha sa pholasaí. Cuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach é **agus déantar athbhreithniú comhchoiteann air**. |
| | Tá cur chuige scoile uile forbartha ag múinteoirí le chéile chun aiseolas forbartha ó bhéal agus scríofa a sholáthar do dhaltaí. Cuirtear an cur chuige seo i bhfeidhm go comhsheasmhach, agus áirítear leis athbhreithniú comhchoiteann ar obair na ndaltaí. | Tá cur chuige scoile uile forbartha ag múinteoirí, **i gcomhairle leis na daltaí**, chun aiseolas forbartha ó bhéal agus scríofa a sholáthar do dhaltaí. Cuirtear an cur chuige seo i bhfeidhm go comhsheasmhach, agus tá athbhreithniú comhchoiteann ar obair na ndaltaí **mar bhonn leis**. |
| | Tá taifid mheasúnaithe comhfhorbartha ag múinteoirí atá soiléir, úsáideach agus éasca le tuiscint agus le roinnt. Tugann na taifid seo léargas cuimsitheach ar ghnóthachtáil foghlama agus riachtanais gach dalta. | Tá taifid mheasúnaithe comhfhorbartha ag múinteoirí atá soiléir, úsáideach agus éasca le tuiscint agus le roinnt. Tugann na taifid seo léargas cuimsitheach ar ghnóthachtáil foghlama agus riachtanais gach dalta **agus tógtar orthu de réir a chéile de réir mar a théann an dalta tríd an scoil**. |
| | Oibríonn múinteoirí le chéile chun eolas measúnaithe a léirmhíniú ionas gur féidir é a úsáid chun foghlaim agus teagasc a fheabhsú. | Oibríonn múinteoirí le chéile chun eolas measúnaithe a léirmhíniú ionas gur féidir é a úsáid **ar an mbealach is fearr** chun foghlaim agus teagasc a fheabhsú. |
| **Cuidíonn múinteoirí leis an acmhainn eile-foirne a thógáil trína gcuid saineolais a roinnt** | Aithníonn múinteoirí an luach a bhaineann le cumas na foirne uile a thógáil agus tá siad sásta a saineolas a roinnt le múinteoirí eile sa scoil. | Is **mór ag múinteoirí an ról atá acu laistigh d'eagraíocht foghlama gairmiúla** agus, **mar ghnáthnós**, roinneann siad a saineolas le múinteoirí eile sa scoil. |
| | Tá na múinteoirí sásta a gcuid saineolais a roinnt le múinteoirí ó scoileanna eile, mar shampla trí ionaid oideachais, fóraim ar líne agus cuairteanna scoile. | **Roinneann** na múinteoirí a gcuid saineolais le múinteoirí ó scoileanna eile, mar shampla trí ionaid oideachais, fóraim ar líne agus cuairteanna scoile. |
| | Déanann múinteoirí athbhreithniú comhoibríoch gairmiúil ar chleachtais foghlama agus teagaisc go rialta agus úsáidtear é chun cuir chuige a aithint. | Téann múinteoirí i ngleic go rialta le hathbhreithniú comhoibríoch gairmiúil ar chleachtais foghlama agus teagaisc, agus **úsáidtear é chun cuir chuige éifeachtacha a aithint agus tógáil orthu**. |
| | Freagraíonn múinteoirí go dearfach d'athrú agus tá siad sásta saineolas comhchoiteann a thógáil ar scileanna agus ar chuir chuige atá riachtanach, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le hinniúlacht dhigiteach, chun foghlaim na ndaltaí faoi láthair agus amach anseo a éascú. | Freagraíonn múinteoirí go dearfach d'athrú agus tá siad **réamhghníomhach** d'fhonn saineolas comhchoiteann a thógáil ar scileanna agus ar chuir chuige atá riachtanach, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le hinniúlacht dhigiteach, chun foghlaim na ndaltaí faoi láthair agus amach anseo a éascú. |

## Ráitis ar chleachtas – Ceannaireacht agus bainistíocht

### *Réimse 1: Ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc*

| Caighdeáin | Ráitis ar chleachtas éifeachtach | Ráitis ar chleachtas fíor-éifeachtach |
|---|---|---|
| **Cultúr athmhachnaimh, feabhsúcháin, comhoibrithe, nuálaíochta agus cruthaitheachta a chur chun cinn san fhoghlaim, sa teagasc agus sa mheasúnú** | Cothaíonn an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil cultúr machnaimh, foghlama agus cruthaitheachta. Go ginearálta, bíonn ionchais arda acu do dhaltaí agus stiúrann siad an fhoireann agus iad ag iarraidh torthaí feabhsúcháin a bhaint amach. Tacaíonn siad le cleachtas machnamhach agus cuireann siad cultúr feabhsúcháin chun cinn. | Cothaíonn an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil cultúr ina mbíonn **bláth** ar mhachnamh, ar fhoghlaim agus ar chruthaitheacht. **Stiúrann siad pobal na scoile chun tréaniarracht leanúnach a dhéanamh ar shármhaitheas trí ionchais arda a leagan síos do dhaltaí.** Cuireann siad cultúr feabhsúcháin leanúnaigh chun cinn **trí thacú le comhghleacaithe a bheith ina gcleachtóirí machnamhacha**. |
| | Úsáideann an príomhoide, in éineacht leo siúd atá i gceannas ar an bpróiseas, an FMS chun teagasc atá tarraingteach agus dúshlánach a spreagadh, chun tacú le hionchuimsiú rannpháirtíocht na ndaltaí agus na dtuismitheoirí i bhforbairt polasaí maidir le foghlaim agus teagasc agus chun suim na ndaltaí san fhoghlaim a mhéadú. | Úsáideann an príomhoide, agus iad siúd atá i gceannas ar an bpróiseas, an FMS **go han-éifeachtach** chun teagasc atá tarraingteach agus dúshlánach a spreagadh, chun tacú le hionchuimsiú rannpháirtíocht na ndaltaí agus na dtuismitheoirí i bhforbairt polasaí maidir le foghlaim agus teagasc agus **chun gach dalta a chumasú le bheith ina bhfoghlaimeoirí gníomhacha agus spreagtha**. |
| | Spreagann an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil na múinteoirí chun a gcleachtais foghlama, teagaisc agus mheasúnaithe a fhorbairt, agus a gcuid cleachtais a roinnt. | Bíonn an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil **ag súil le** agus ag spreagadh na múinteoirí chun a gcleachtais foghlama, teagaisc agus mheasúnaithe a fhorbairt agus **a leathnú**, agus **cleachtais ar éirigh leo foghlaim na ndaltaí a fheabhsú** a roinnt agus a phlé. |
| | Tacaíonn an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil le múinteoirí teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid ina gcleachtais foghlama, teagaisc agus mheasúnaithe, agus déanann siad meastóireacht ar éifeachtúlacht úsáid na dteicneolaíochtaí seo. | Treoraíonn an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil **próiseas chun múinteoirí a chumasú** le teicneolaíochtaí digiteacha **a leabú** ina gcuid cleachtais foghlama, teagaisc agus mheasúnaithe, agus déanann siad meastóireacht **rialta** ar éifeachtúlacht úsáid na dteicneolaíochtaí seo. |
| | Spreagann an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil nuálaíocht agus cruthaitheacht. Aithníonn siad an luach atá ar ionchuir agus gnóthachtálacha aonair agus comhchoiteanna. | Cuireann an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil nuálaíocht agus cruthaitheacht chun cinn **go gníomhach. Fáiltíonn siad roimh agus ceiliúrann siad** ionchuir agus gnóthachtálacha aonair agus comhchoiteanna. |
| **Tiomantas d'ionchuimsiú, do chomhionannas deiseanna agus d'fhorbairt iomlánaíoch gach dalta a chothú** | Cinntíonn an bord bainistíochta agus an príomhoide go gcuirtear curaclam leathan agus éagsúlacht deiseanna foghlama ar fáil. | Cothaíonn an bord bainistíochta agus an príomhoide **forbairt iomlánaíoch na ndaltaí trí raon an-leathan deiseanna foghlama curaclaim, comh-churaclaim agus seach-churaclaim a sholáthar.** |
| | Cothaíonn na daoine sin a bhfuil róil ceann-aireachta agus bhainistíochta acu pobal scoile ionchuimsitheach. | Cothaíonn na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu pobal scoile ionchuimsitheach **a bhfuil luach soiléir aige ar an éagsúlacht agus a thugann dúshlán don leithcheal**. |
| | Tá na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu tiomanta do chinntiú go bhfuil gach polasaí scoile ábhartha cuimsitheach, agus go gcuirtear i bhfeidhm iad dá réir. | **Cinntíonn** na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu go bhfuil gach polasaí scoile cuí ionchuimsitheach agus go gcuirtear i bhfeidhm iad dá réir. |
| | Cloíonn na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu le prionsabail an ionchuimsithe agus an cheartais shóisialta chun comhionannas deiseanna a chur chun cinn do dhaltaí. Déanann siad a ndícheall a chinntiú go dtacaíonn gach ball foirne leis an éiteas seo. | **Bunaíonn** na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu prionsabail **shoiléire um** ionchuimsiú agus um cheartais shóisialta chun comhionannas deiseanna a **sholáthar** do dhaltaí **i ngach gné de shaol na scoile. Déanann siad amhlaidh i gcomhar leis an bhfoireann ar fad.** |
| | Léiríonn ceannairí scoile feasacht ar chultúr, ar éiteas agus ar chomhthéacs na scoile agus cuireann siad chun cinn iad go gníomhach. | **Cinntíonn** ceannairí scoile go **léirítear** cultúr, éiteas agus comhthéacs a scoile **i ngach gné de pholasaí agus cleachtas.** |

| Caighdeáin | Ráitis ar chleachtas éifeachtach | Ráitis ar chleachtas fíor-éifeachtach |
|---|---|---|
| | Forbraíonn agus feidhmíonn na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu beartais agus cleachtais éifeachtacha a léiríonn ionchur na bpáirtithe leasmhara ar fad chun tacú le folláine oideachasúil, shóisialta agus phearsanta na ndaltaí. | Forbraíonn agus feidhmíonn na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu beartais agus cleachtais **fhíor-éifeachtacha** a léiríonn ionchur na bpáirtithe leasmhara ar fad chun tacú le folláine oideachasúil, shóisialta agus phearsanta na ndaltaí. |
| | Forbraíonn agus feidhmíonn na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu, i gcomhar le múinteoirí, polasaithe, nósanna imeachta agus cleachtais éifeachtacha chun bainistíocht íogair an aistrithe a éascú de réir mar a aistríonn daltaí laistigh de, idir agus trasna suíomhanna foghlama. Déanann siad idirchaidreamh le tuismitheoirí, le leanaí, le múinteoirí/ceannairí scoile ábhartha agus le gairmithe ábhartha eile chun leanúnachas agus comhleanúnachas a chinntiú i bhfoghlaim agus i dtaithí na ndaltaí. | Forbraíonn agus feidhmíonn na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu, i gcomhar le múinteoirí, polasaithe, nósanna imeachta agus cleachtais **fhíor-éifeachtacha** chun bainistíocht íogair an aistrithe a éascú agus **a chur chun cinn** de réir mar a aistríonn daltaí laistigh de, idir agus trasna suíomhanna foghlama. Déanann siad idirchaidreamh le tuismitheoirí, le leanaí agus le gairmithe ábhartha chun leanúnachas agus comhleanúnachas a chinntiú i bhfoghlaim agus i dtaithí na ndaltaí. **Tá struchtúir i bhfeidhm chun comhoibriú leanúnach a chumasú le tuismitheoirí, múinteoirí/ceannairí scoile, foireann tacaíochta agus daoine gairmiúla ábhartha eile, chun tacú le haistrithe rathúla.** |
| | Tá córais éifeachtacha ag an bpríomhoide, ag an bpríomhoide tánaisteach agus ag ceannairí eile na scoile chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar fhorbairt na ndaltaí. Aithníonn siad an tábhacht a bhaineann le monatóireacht chórasach chun cabhrú le daltaí a lánacmhainneacht a bhaint amach. | Tá córais **fhíor-éifeachtacha** ag an bpríomhoide, ag an bpríomhoide tánaisteach agus ag ceannairí eile na scoile chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar fhorbairt na ndaltaí. **Cinntíonn siad go n-úsáidtear na córais seo chun cabhrú le daltaí a lánacmhainneacht a bhaint amach.** |
| **Pleanáil agus cur i bhfeidhm an churaclaim a bhainistiú** | Soláthraíonn an bord bainistíochta agus an príomhoide curaclam leathan cothrom. | Soláthraíonn an bord bainistíochta agus an príomhoide curaclam leathan cothrom, **ag déanamh iarrachtaí tomhaiste eolasacha chun freastal ar riachtanais na ndaltaí.** |
| | Déanann an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil bainistíocht éifeachtach ar phleanáil a bhaineann leis an gcuraclam. | Déanann an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil bainistiú **straitéiseach** agus éifeachtach ar phleanáil a bhaineann leis an gcuraclam. |
| | Tá an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil tiomanta lena chinntiú go gcuirtear curaclam na scoile i bhfeidhm ar bhealach a sholáthraíonn eispéiris foghlama luachmhara, agus tá siad ag obair chuige sin. | **Oibríonn** an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil **ar bhealach a bhfuil cuspóir leis** lena chinntiú go gcuirtear gach gné de churaclam na scoile i bhfeidhm ar bhealach a chuireann **eispéiris foghlama luachmhara ar fáil do na daltaí go léir**. |
| **Foghlaim ghairmiúil na múinteoirí a chothú a shaibhríonn foghlaim na múinteoirí agus na ndaltaí** | Tacaíonn na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu le foghlaim ghairmiúil leanúnach na múinteoirí i raon réimsí. | Tugann na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu tacaíocht do, **agus cuireann siad chun cinn**, foghlaim ghairmiúil leanúnach na múinteoirí i raon réimsí, **chun tacú le teagasc ardchaighdeáin**. |
| | Féachann an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil le deiseanna foghlama gairmiúla atá ábhartha agus a bhfuil cuspóir leo a aithint do mhúinteoirí. Spreagann siad rannpháirtíocht mar mhodh chun foghlaim agus teagasc a fheabhsú. | **Cuireann** an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil **foghlaim ghairmiúil chun cinn atá bunaithe ar fhianaise agus in oiriúint do riachtanais aitheanta na scoile. Uasmhéadaíonn siad deiseanna chun cumas agus inniúlacht na múinteoirí a fhorbairt** chun foghlaim agus teagasc a fheabhsú. |
| | Tacaíonn an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil le rannpháirtíocht na múinteoirí i líonraí gairmiúla. | Tugann an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil tacaíocht agus **spreagadh** do rannpháirtíocht ghníomhach na múinteoirí i líonraí gairmiúla **chun foghlaim na ndaltaí a fheabhsú**. |

## *Réimse 2: An eagraíocht a bhainistiú*

| Caighdeáin | Ráitis ar chleachtas éifeachtach | Ráitis ar chleachtas fíor-éifeachtach |
|---|---|---|
| **Cultúr dearfach scoile agus timpeallacht foghlama atá sábháilte, sláintiúil agus a bhfuil cuspóir léi a chruthú agus a choinneáil, agus í a chothú go leanúnach trí chumarsáid éifeachtach** | Tá an bord bainistíochta agus an príomhoide feasach ar a ndualgais reachtúla, agus oibríonn siad lena chinntiú go gcomhlíontar na riachtanais reachtaíochta agus polasaí go léir.<br><br>Comhlíonann an bord bainistíochta agus an príomhoide a bhfreagracht as timpeallacht slándála agus folláine a chruthú agus a choinneáil sa scoil, lena n-áirítear timpeallacht ina gcuirtear cosc ar iompraíocht bhulaíochta agus ina dtugtar aghaidh uirthi[11]. **Forbraíonn agus cuireann siad i bhfeidhm polasaithe soiléire** chun sábháilteacht agus folláine na ndaltaí agus na foirne go léir a chinntiú. | Tá an bord bainistíochta agus an príomhoide **ar an eolas go hiomlán** ar a ndualgais reachtúla, agus cinntíonn siad **go gcloítear go tráthúil** le gach riachtanas reachtúil agus polasaí.<br><br>Comhlíonann an bord bainistíochta agus an príomhoide a bhfreagracht as timpeallacht slándála agus folláine a chruthú agus a choinneáil sa scoil, lena n-áirítear timpeallacht ina gcuirtear cosc ar iompraíocht bhulaíochta agus ina dtugtar aghaidh uirthi. Tá polasaithe soiléire i bhfeidhm chun sábháilteacht agus folláine na ndaltaí agus na foirne ar fad a chinntiú. **Bíonn rannpháirtíocht bhríoch na bpáirtithe ábhartha uile, tuismitheoirí agus daltaí san áireamh, i gceist le forbairt, le cur i bhfeidhm agus le hathbhreithniú na mbeartas seo.** |
| | Tuigeann an bord bainistíochta agus an príomhoide freagrachtaí na scoile maidir le cosaint leanaí agus cúrsaí sláinte agus sábháilteachta agus cuireann siad in iúl go héifeachtach iad. Déanann siad idirchaidreamh cuí leis na comhlachtaí reachtúla cuí. | Tuigeann an bord bainistíochta agus an príomhoide **go hiomlán** freagrachtaí na scoile maidir le cosaint leanaí agus cúrsaí sláinte agus sábháilteachta agus cuireann siad in iúl **go han-éifeachtach iad do phobal uile na scoile. Oibríonn siad go cuiditheach** leis na comhlachtaí reachtúla cuí. |
| | Cothaíonn an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil cultúr dearfach scoile a thacaíonn le foghlaim agus teagasc agus spreagann siad idirghníomhaíochtaí measúla ag gach leibhéal laistigh de phobal na scoile. Déanann siad na bearta is gá daltaí a chosaint agus chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi. | Déanann an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil **múnlú agus forbairt** ar chultúr láidir muiníne, measa, freagrachta agus **cuntasachta comhroinnte**. Cothaíonn siad cultúr scoile **an-dearfach** a thacaíonn le foghlaim agus teagasc agus spreagann siad idirghníomhaíochtaí measúla ag gach leibhéal laistigh de phobal na scoile. Áirítear leis seo **cur chuige córasach agus tiomantas scoile uile** do chruthú cultúir agus timpeallacht scoile ina ndéantar leanaí a chosaint agus bulaíocht a chosc in a dtéitear i ngleic léi [12]. |
| | Déanann an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil bainistíocht agus maoirsiú ar reáchtáil réidh na scoile ó lá go lá. Chuige seo, forbraíonn agus cuireann siad i bhfeidhm córais éifeachtacha chumarsáide. | Déanann an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil bainistíocht agus maoirsiú ar reáchtáil réidh na scoile ó lá go lá. Chuige seo, forbraíonn agus cuireann siad i bhfeidhm córais chumarsáide **a chuireann ar chumas gach ball de phobal na scoile cur le hobair agus le cultúr a scoile.** |
| **Acmhainní daonna, fisiceacha agus airgeadais na scoile a bhainistiú chun eagraíocht foghlama a chruthú agus a choinneáil** | Oibríonn an príomhoide go maith leis an mbord bainistíochta chun eagraíocht foghlama a chruthú agus a choinneáil a chuireann eispéiris mhaithe foghlama ar fáil do na daltaí agus don fhoireann ar fad. | Oibríonn an príomhoide **go han-éifeachtach** leis an mbord bainistíochta chun eagraíocht foghlama a chruthú agus a choinneáil a chuireann eispéiris foghlama ar **ardchaighdeán** ar fáil do na daltaí agus don fhoireann ar fad. |
| | Déanann an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil struchtúir eagrúcháin na scoile a stiúradh agus a bhainistiú go héifeachtach. | Treoraíonn agus bainistíonn an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil struchtúir eagrúcháin na scoile **go han-éifeachtach**. |
| | Déanann an príomhoide agus an bord bainistíochta monatóireacht leanúnach ar úsáid bhuiséid, phearsanra agus acmhainní eile agus iad a dhíriú i dtreo tosaíochtaí foghlama aitheanta. | Déanann an príomhoide agus an bord bainistíochta monatóireacht leanúnach ar úsáid bhuiséid, phearsanra agus acmhainní eile **chun a chinntiú go bhfuil siad ag teacht go dlúth le tosaíochtaí foghlama aitheanta agus le plean na scoile**. |

11 Féach freisin Aguisín A
12 Féach freisin Aguisín A.

| Caighdeáin | Ráitis ar chleachtas éifeachtach | Ráitis ar chleachtas fíor-éifeachtach |
|---|---|---|
| | Bainistíonn an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil acmhainní daonna go maith, ag iarraidh deiseanna foghlama na ndaltaí a uasmhéadú. Déanann an príomhoide múinteoirí a imlonnú d'fhonn úsáid mhaith a bhaint as a gcuid láidreachtaí agus scileanna ar leith. | Bainistíonn an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile na scoile acmhainní daonna **go han-éifeachtach** chun an tionchar is mó ar fhoghlaim na ndaltaí **a chinntiú**. Déanann an príomhoide múinteoirí a imlonnú go straitéiseach chun an úsáid is fearr a bhaint as a gcuid láidreachtaí agus sainscileanna. |
| | Cinntíonn an bord bainistíochta go bhfuil na córais agus na nósanna imeachta riachtanacha i bhfeidhm ionas go ndéantar acmhainní scoile a bhainistiú go cuí agus go héifeachtúil ar bhealach a dhéanann soláthar do chuntasacht chuí do na páirtithe ábhartha. | Cinntíonn an bord bainistíochta go bhfuil na córais agus na nósanna imeachta riachtanacha i bhfeidhm ionas go mbaintear **an úsáid is fearr is féidir as** acmhainní na scoile ar bhealach a dhéanann soláthar do chuntasacht chuí do na páirtithe ábhartha. |
| | Coinníonn an bord bainistíochta an foirgneamh agus an talamh ar chaighdeán maith. Cinntíonn sé soláthar agus cothabháil áiseanna agus trealaimh teagaisc, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le foghlaim dhigiteach, go caighdeán maith. Déanann an bord a dhícheall a chinntiú go mbíonn rochtain chothrom ag daltaí ar na hacmhainní a chuirtear ar fáil. | Coinníonn an bord bainistíochta an foirgneamh agus an talamh ar chaighdeán **an-ard**. Cinntíonn sé soláthar agus cothabháil áiseanna agus trealaimh teagaisc, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le foghlaim dhigiteach, **ar chaighdeán an-ard chun a n-úsáid optamach a chumasú**. Déanann an bord a dhícheall a chinntiú go mbíonn rochtain chothrom ag daltaí ar na hacmhainní a chuirtear ar fáil. |
| **Staideanna dúshlánacha agus casta a bhainistiú ar bhealach a léiríonn comhionannas, cothroime agus ceartas** | Cinntíonn an bord bainistíochta agus an príomhoide go léiríonn polasaithe na scoile ionchur na bpáirtithe leasmhara ar fad agus go bhfuil siad bunaithe ar phrionsabail an cheartais agus na cothroime. | Cinntíonn an bord bainistíochta agus an príomhoide **go gclúdaíonn luachanna na scoile comhionannas, cothroime agus ceartas do gach dalta agus don fhoireann, agus go gcuirtear in iúl go soiléir i bpolasaithe iad a léiríonn ionchur na bpáirtithe leasmhara ar fad agus a achtaítear go praiticiúil**. |
| | Déanann an bord bainistíochta, an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil cumarsáid agus comhoibriú le chéile ar bhealach comhghleacúil agus comhoibritheach chun caidreamh oibre dearfach, proifisiúnta agus táirgiúil a chruthú agus a chothú ar mhaithe le daltaí agus le baill uile phobal na scoile. | Déanann an bord bainistíochta, an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil cumarsáid **an-éifeachtach** agus oibríonn siad le chéile ar bhealach **láidir** comhghleacúil agus comhoibritheach chun caidreamh oibre dearfach, proifisiúnta agus táirgiúil a chruthú, a chothú agus **a fhorbairt a thuilleadh** ar mhaithe le daltaí agus le baill uile phobal na scoile. |
| | Nuair is gá, tá an bord bainistíochta, an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile na scoile sásta dúshlán a thabhairt do ghníomhartha, d'iompraíochtaí agus do chleachtais nach dtagann le caighdeáin eiticiúla na scoile. | Tugann an bord bainistíochta, an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil **dúshlán agus freagairt go hoiriúnach** do ghníomhartha, d'iompraíochtaí agus do chleachtais nach dtagann le caighdeáin eiticiúla na scoile. |
| | Is mór ag an scoil agus cothaíonn sí tiomantas don fhorbairt inbhuanaithe agus cuireann sí cleachtais agus polasaithe i bhfeidhm a neadaíonn prionsabail na hinbhuanaitheachta i ngnáthaimh laethúla na scoile. | Tugann an **scoil tosaíocht agus cothaíonn sí, mar chroíluach**, tiomantas don fhorbairt inbhuanaithe; **forbraíonn agus feidhmíonn pobal na scoile le chéile** cleachtais agus polasaithe chun prionsabail na hinbhuanaitheachta a leabú i ngnáthaimh laethúla na scoile. |
| | Aithníonn an bord bainistíochta agus an príomhoide cásanna dúshlánacha nuair a thagann siad chun cinn, agus uaireanta, bíonn siad réidh dóibh. Lorgaíonn siad réitigh agus de ghnáth, réitíonn siad cúrsaí go sásúil. | Tá an bord bainistíochta agus an príomhoide **airdeallach** ar chásanna a d'fhéadfadh a bheith dúshlánach. Oibríonn siad **go réamhghabhálach agus go héifeachtach** chun iad a bhainistiú, **agus glacann siad cur chuige atá dírithe ar réitigh**. |
| | Socraíonn an bord bainistíochta agus an príomhoide nósanna imeachta chun déileáil le coimhlint agus, don chuid is mó, tá siad in ann iad a leanúint go rathúil. | Socraíonn an bord bainistíochta agus an príomhoide na nósanna imeachta chun déileáil le coimhlint **agus cuireann siad in iúl iad go han-soiléir** agus **leanann siad de réir mar is gá. Cuireann siad réitigh chomhaontaithe i bhfeidhm go rathúil agus déanann siad monatóireacht orthu**. |

| Caighdeáin | Ráitis ar chleachtas éifeachtach | Ráitis ar chleachtas fíor-éifeachtach |
|---|---|---|
| **Córas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun freagracht agus cuntasacht ghairmiúil a chur chun cinn** | Spreagann an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil an fhoireann chun a gcleachtas féin a mheas. | Bíonn an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil **ag súil agus ag cuidiú** le múinteoirí **anailís chriticiúil** agus meastóireacht a dhéanamh ar a gcleachtas féin. |
| | Spreagann an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil na múinteoirí chun dul i mbun athbhreithniú comhoibríoch ar a gcleachtas agus a thorthaí, ar mhaithe le cuntasacht ghairmiúil. | **Cothaíonn** an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil **cultúr** d'athbhreithniú comhoibríoch ar chleachtais agus torthaí foghlama agus teagaisc, mar chuid de phróiseas éifeachtach cuntasachta gairmiúla. **Déanann siad amhlaidh ar bhealach dearfach agus forásach**. |
| | Buaileann an príomhoide le múinteoirí go bliantúil chun a gcuid oibre a phlé. | **Laistigh den chultúr seo d'athbhreithniú comhoibríoch**, buaileann an príomhoide le múinteoirí go bliantúil chun a gcuid oibre **agus a bhfoghlaim ghairmiúil** a phlé. |
| | Aithníonn an príomhoide na múinteoirí a bhfuil deacrachtaí acu, agus cuireann an príomhoide tacaíocht chuí ar fáil. Tuigeann an príomhoide a bhfreagracht agus déanann siad a ndícheall a chinntiú go ndéantar beart cuí de réir nósanna imeachta aontaithe. | Cinntíonn an príomhoide, **in éineacht leis an mbord bainistíochta**, go dtugtar tacaíocht éifeachtach do mhúinteoirí a bhfuil deacrachtaí acu, **molann an príomhoide gníomh cuí nuair is gá, agus cinntíonn siad go ndéantar beart** de réir nósanna imeachta aontaithe. |



## *Réimse 3: Ceannaireacht ar fhorbairt na scoile*

| Caighdeáin | Ráitis ar chleachtas éifeachtach | Ráitis ar chleachtas fíor-éifeachtach |
|---|---|---|
| **An fhís threorach don scoil a chur in iúl agus agus a bheith i gceannas ar bhaint amach na físe seo** | Tá an pátrún/iontaobhaithe, an bord bainistíochta agus an príomhoide réamhghníomhach maidir le fís threorach a bhunú agus a choinneáil don scoil. | Tá an pátrún/iontaobhaithe, an bord bainistíochta agus an príomhoide réamhghníomhach maidir le fís threorach a bhunú agus a choinneáil don scoil. |
| | Leagann fís threorach na scoile amach spriocanna agus ionchais don scoil mar phobal foghlama. Glacann an príomhoide freagracht as an fhís treorach seo a chur in iúl, le tacaíocht ón pátrún/iontaobhaithe agus an bord bainistíochta. | Leagann fís threorach na scoile amach spriocanna agus ionchais don scoil mar phobal foghlama. Glacann an príomhoide freagracht as an fhís threorach seo a chur in iúl, **agus déanann siad é sin go han-éifeachtach, ag obair leis** an pátrún/iontaobhaithe agus an bord bainistíochta. |
| | Cuireann an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil an fhís threorach in iúl do na múinteoirí ar bhealach a spreagann iad chun a bhfreagrachtaí i dtaca lena comhlíonadh a fheiceáil. | Cuireann an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil an fhís threorach **in iúl go soiléir** do mhúinteoirí, **do thuismitheoirí agus do dhaltaí** ar bhealach **a chuireann ar chumas phobal uile na scoile an fhís a chur i ngníomh**. |
| | Glacann an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil bearta dearfacha chun tacú leis an bhfoireann agus iad a spreagadh, agus chun ionchais arda a shocrú d'fhoghlaimeoirí. | Tugann an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil **spreagadh agus gríosadh do dhaltaí, don fhoireann agus do phobal na scoile uile. Socraíonn siad ionchais arda do gach foghlaimeoir**. |
| **A bheith i gceannas ar rannpháirtíocht na scoile i bpróiseas leanúnach féinmheastóireachta** | Téann na daoine atá i gceannas ar fhéinmheastóireacht scoile i ngleic leis mar phróiseas struchtúrtha a dhíríonn ar fhoghlaim, ar theagasc agus ar mheasúnú a fheabhsú. | Téann na daoine atá i gceannas ar fhéinmheastóireacht scoile i ngleic leis mar phróiseas struchtúrtha a dhíríonn ar fhoghlaim, ar theagasc agus ar mheasúnú a fheabhsú. |
| | Aithníonn an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil gur cuid ríthábhachtach dá ról pleanáil ghníomhaíochta le haghaidh feabhsúcháin a threorú agus a bhainistiú. Tá siad ag obair lena chinntiú go gcuirtear pleananna feabhsúcháin i ngníomh ar bhonn scoile uile agus go ndéantar monatóireacht chórasach orthu. | Cleachtaíonn an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil **a ról go han-inniúil** maidir le pleanáil ghníomhaíochta le haghaidh feabhsúcháin a threorú agus a bhainistiú. **Cinntíonn siad** go gcuirtear pleananna feabhsúcháin i ngníomh ar bhonn scoile uile agus go ndéantar monatóireacht chórasach orthu. |
| | Déanann na daoine atá i gceannas ar fhéinmheastóireacht scoile a ndícheall ionchais arda a bhunú tríd an bplean feabhsúcháin scoile. | **Cinntíonn** na daoine atá i gceannas ar fhéinmheastóireacht scoile **go bhfuil cultúr ardmhianta na foirne agus na ndaltaí mar bhonn agus mar thaca ag pleanáil feabhsúcháin na scoile**. |
| | Tá na daoine atá i gceannas ar fhéinmheastóireacht scoile dírithe ar chur i bhfeidhm éifeachtach na ngníomhartha comhaontaithe agus tá siad tiomanta dá dtionchar a thomhas. | **Oibríonn** na daoine atá i gceannas ar fhéinmheastóireacht scoile **ar bhealach a bhfuil cuspóir leis agus go han-éifeachtach lena chinntiú go mbíonn feabhsuithe intomhaiste agus inaitheanta i dtorthaí na bhfoghlaimeoirí mar thoradh ar ghníomhartha a chuirtear i bhfeidhm**. |
| **Caidrimh a thógáil agus a choinneáil le tuismitheoirí, le scoileanna eile, agus leis an bpobal níos leithne** | Bíonn luach ag an bpríomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil ar, agus tugann siad tacaíocht do, chomhpháirtíocht le tuismitheoirí mar mhodh chun tacú le foghlaim agus folláine na ndaltaí. Tógann siad agus cothaíonn siad caidreamh dearfach le tuismitheoirí. | Bíonn luach ag an bpríomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile ar, agus tugann siad tacaíocht do, chomhpháirtíocht le tuismitheoirí mar mhodh chun tacú le foghlaim agus folláine na ndaltaí. Tógann siad agus cothaíonn siad **caidreamh an-chuiditheach le tuismitheoirí a mbíonn tionchar dearfach acu ar fhoghlaim a bpáistí.** |
| | Éascaíonn agus tacaíonn an bord bainistíochta agus an príomhoide le cumann na dtuismitheoirí a ról comhpháirtíochta agus comhairleach a chomhlíonadh. | Éascaíonn agus tacaíonn an bord bainistíochta agus an príomhoide le cumann na dtuismitheoirí a ról comhpháirtíochta agus comhairleach a chomhlíonadh**, agus feidhmiú mar fhóram ionchuimsitheach a thacaíonn le rannpháirtíocht na dtuismitheoirí uile**. |

| Caighdeáin | Ráitis ar chleachtas éifeachtach | Ráitis ar chleachtas fíor-éifeachtach |
|---|---|---|
| | Tá naisc mhaithe ag an bpríomhoide, ag an bpríomhoide tánaisteach agus ag ceannairí eile sa scoil le scoileanna eile agus le soláthraithe oideachais, agus baineann siad úsáid éifeachtach as tacaíochtaí seachtracha chun deiseanna foghlama a leathnú do dhaltaí. | **Forbraíonn agus cothaíonn** an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil **caidreamh an-táirgiúil** le scoileanna eile agus le soláthraithe oideachais, agus baineann siad **úsáid an-éifeachtach as tacaíochtaí seachtracha** chun deiseanna foghlama a leathnú do dhaltaí. |
| | Cothaíonn an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil caidreamh maith leis an bpobal i gcoitinne. | **Forbraíonn agus cothaíonn** an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil caidreamh **comhthairbheach** idir an scoil agus an pobal i gcoitinne. |
| | Déanann an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil cumarsáid le tuismitheoirí agus le páirtithe eile ar bhealaí éagsúla. Tarlaíonn cumarsáid dhá threo, agus tá struchtúir ann a chumasaíonn idirphlé le comhpháirtithe. | Déanann an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil **caidrimh chuiditheacha a fhorbairt agus a choinneáil trí chumarsáid éifeachtach rialta le páirtnéirí uile na scoile ag baint úsáid as raon meán. Lorgaíonn agus éisteann an príomhoide le tuairimí daoine eile agus glacann an príomhoide páirt fhoirmeálta in idirphlé an-éifeachtach le comhpháirtithe.** |
| **Bainistiú, ceannaireacht agus idirghabháil a dhéanamh ar an athrú d'fhonn freagairt do riachtanais athraitheacha na scoile agus d'athruithe san oideachas** | Déanann an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil oiriúnú d'athruithe sa chomhthéacs nó sa timpeallacht polasaí agus bainistíonn siad cur i bhfeidhm na n-athruithe go maith. | Léiríonn an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil **tuiscint shoiléir ar phróisis athraithe agus tugann siad faoi bhainistíocht an athraithe ar bhealach comhoibríoch, solúbtha agus íogair**. |
| | Tuigeann na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu riachtanais athraitheacha na scoile, agus féachann siad le freagairt dóibh. | Bíonn na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu **airdeallach agus freagrúil** do riachtanais athraitheacha na scoile. |
| | Tá eolas ag na daoine a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu ar fhorbairtí oideachais, lena n-áirítear réimsí tosaíochta náisiúnta, agus feiceann siad a n-ábharthacht don scoil. Féachann siad leis an eolas seo a úsáid go cuiditheach. | Coinníonn na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu **suas le smaointeoireacht, forbairtí agus athruithe sa timpeallacht oideachais níos leithne,** lena n-áirítear réimsí tosaíochta náisiúnta, **agus úsáideann siad an t-eolas seo go dearfach ar mhaithe leis an scoil**. |
| | Úsáideann an príomhoide agus iad siúd atá i gceannas ar FMS an próiseas FMS le héifeachtúlacht mhéadaitheach mar mhodh chun athruithe a bhainistiú. | Úsáideann an príomhoide agus iad siúd atá i gceannas ar FMS an próiseas **FMS go han-éifeachtach chun freagairt na scoile ar riachtanais athraitheacha a bhainistiú**. |



## *Réimse 4: Acmhainn na ceannaireachta a fhorbairt*

| Caighdeáin | Ráitis ar chleachtas éifeachtach | Ráitis ar chleachtas fíor-éifeachtach |
|---|---|---|
| **Léirmheastóireacht a dhéanamh ar a gcleachtas mar cheannairí agus forbairt a dhéanamh ar a dtuiscint ar cheannaireacht éifeachtach agus inbhuanaithe** | Téann ceannairí scoile i ngleic go comhsheasmhach le féinmheastóireacht phearsanta i gcoinne caighdeáin ghairmiúla ábhartha. | **Déanann an bord bainistíochta, an príomhoide agus ceannairí scoile eile athbhreithniú rialta ar a gcleachtas agus ar a bhforbairt ghairmiúil féin agus ar fhorbairt ghairmiúil a chéile trí dhianphróisis féinmheastóireachta na scoile**. |
| | Ceistíonn ceannairí scoile a gcleachtas trí phróisis mhachnaimh phearsanta. Tá siad toilteanach oibriú ar réimsí dá gcleachtas a dteastaíonn feabhsú uathu. | **Forbraíonn an bord bainistíochta, an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile na scoile féinfheasacht** agus a gcleachtas féin á gceistiú acu go rialta trí mhachnamh pearsanta agus **comhoibríoch**. **Aithníonn siad agus oibríonn siad** ar réimsí dá gcleachtas a dteastaíonn feabhsú uathu. |
| | Tugann an príomhoide, an príomhoide tánaisteach, agus ceannairí eile na scoile aird ar a bhfolláine féin chomh maith le folláine daoine eile. Freagraíonn siad go maith d'fhreagrachtaí agus d'éilimh phráinneacha. Aithníonn siad an tábhacht a bhaineann le héirim mhothúchánach mar ghné riachtanach dá gcleachtas ceannaireachta. | Tugann an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil **aire go rathúil dá bhfolláine féin** chomh maith le folláine daoine eile. Freagraíonn siad **go comhréireach agus go cuiditheach** d' fhreagrachtaí agus d'éilimh phráinneacha. **Tá an luach a chuireann siad ar éirim mhothúchánach le feiceáil ina ngníomhartha agus ina n-idirghníomhaíochtaí ó lá go lá**. |
| | Cuireann an príomhoide rudaí in ord tosaíochta agus déanann siad freagrachtaí a leithdháileadh go maith den chuid is mó. | Cuireann an príomhoide rudaí in ord tosaíochta agus déanann siad freagrachtaí a leithdháileadh **go cuí agus go straitéiseach**. |
| | Tá córais agus struchtúir á mbunú ag an bpríomhoide chun freastal ar riachtanais tosaíochta na scoile. | Cinntíonn an príomhoide **go bhfuil córais agus struchtúir i bhfeidhm** chun freastal ar riachtanais tosaíochta na scoile. |
| **A chur ar chumas na mball foirne róil cheannaireachta a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm** | Tuigeann an príomhoide an tábhacht a bhaineann le cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta don scoil mar eagraíocht foghlama. | **Aithníonn agus dearbhaíonn an príomhoide an ról sainiúil** atá ag cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta don scoil mar eagraíocht foghlama. |
| | Spreagann an príomhoide na múinteoirí chun róil cheannaireachta a ghlacadh agus chun an fhoghlaim a threorú, agus tá an príomhoide sásta freagrachtaí suntasacha ceannaireachta a dháileadh. | **Cuireann an príomhoide ar chumas** na múinteoirí róil cheannaireachta a ghlacadh agus an fhoghlaim a threorú, **trí úsáid éifeachtach a bhaint as samhlacha ceannaireachta dáilte**. |
| | Spreagann an príomhoide bunú foirne chun dul i ngleic le tosaíochtaí na scoile. Tuigeann an príomhoide an poitéinseal chun cumas ceannaireachta a thógáil, agus féachann siad lena fhorbairt. | Spreagann an príomhoide **obair bhuíne i ngach gné de shaol na scoile. Cruthaíonn agus spreagann an príomhoide meithleacha foirne agus grúpaí oibre chun forbairtí i bpríomhréimsí a threorú**, ag tógáil cumas ceannaireachta dá réir. |
| | Soláthraíonn an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach clár meantóireachta chun tacú le múinteoirí a bhfuil róil nua acu. | Soláthraíonn **agus bainistíonn** an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach clár meantóireachta éifeachtach chun tacú le múinteoirí a bhfuil róil nua acu agus **chun cumas ceannaireachta na meantóirí a fhorbairt**. |
| **Forbairt rannpháirtíochta na ndaltaí, ceannaireacht na ndaltaí agus rannpháirtíocht na dtuismitheoirí a chothú agus a éascú** | Cuireann na daoine a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu luach ar thuairimí na ndaltaí agus na dtuismitheoirí, agus tacaíonn siad lena rannpháirtíocht i bhfeidhmiú na scoile. | Aithníonn na daoine a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu **na daltaí agus na tuismitheoirí mar gheallsealbhóirí**, bíonn meas acu ar a dtuairimí agus cinntíonn siad go bhfuil baint acu le feidhmiú na scoile. |
| | Cinntíonn na daoine a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu go dtoghtar comhairle na ndaltaí go daonlathach, go bhfuil láithreacht infheicthe agus bhríoch aici sa scoil agus go gcuirtear san áireamh í sa chinnteoireacht. | Cinntíonn na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu go bhfuil comhairle na ndaltaí tofa go daonlathach, **ionchuimsitheach agus ionadaíoch**, **agus go bhfuil sí ina spreagthóir le haghaidh athraithe, le ról gníomhach i gcinnteoireacht agus i bhforbairt polasaí**. |

| Caighdeáin | Ráitis ar chleachtas éifeachtach | Ráitis ar chleachtas fíor-éifeachtach |
|---|---|---|
| | Tugann na daoine a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu deiseanna do dhaltaí róil cheannaireachta a ghlacadh. | Tacaíonn na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu le daltaí **róil cheannaireachta a ghlacadh trí oiliúint ábhartha a éascú agus deiseanna a sholáthar chun tionscnaimh scoile a threorú.** |
| | Aithníonn na daoine atá i gceannas ar an bpróiseas FMS an gá atá le héisteacht le daltaí agus le tuismitheoirí agus tá siad ag dul i gcomhairle le daltaí níos mó faoi conas a fhoghlaimíonn siad agus ag fáil aiseolais ar éifeachtacht a gcuid foghlama. | Téann na daoine atá i gceannas ar an bpróiseas FMS **i gcomhairle go bríoch agus téann siad i dteagmháil** le daltaí agus tuismitheoirí chun **cleachtais foghlama, teagaisc agus mheasúnaithe a athbhreithniú agus a fheabhsú.** |
| | Téann an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil i mbun comhrá gairmiúil lena bpiaraí ag leibhéil éagsúla ar bhonn leanúnach. Féachann siad leis an méid a fhoghlaimíonn siad a chur i bhfeidhm ina gcleachtas. | Glacann an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí scoile eile **páirt ghníomhach i gcumainn ghairmiúla do cheannairí agus do bhainisteoirí scoile ag gach leibhéal, suas go dtí agus lena n-áirítear an leibhéal idirnáisiúnta. Léiríonn siad foghlaim ó na comhcheangail seo ina gcleachtas.** |
| | Cuireann an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil le pobal foghlama gairmiúil a bpiaraí. | **Tacaíonn** an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil le **foghlaim ghairmiúil a bpiaraí**, agus cuireann siad leis an bpobal foghlama gairmiúla **ar bhealach a bhfuil cuspóir leis.** |
| | Baineann na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu leas as tacaíocht ó chomhlachtaí náisiúnta a thacaíonn le cleachtais éifeachtacha cheannaireachta agus bhainistíochta a fhorbairt. | Téann na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu **i ngleic, ar bhealach a bhfuil cuspóir leis,** leis na comhlachtaí náisiúnta na comhlachtaí náisiúnta a thacaíonn le forbairt cleachtais éifeachtacha cheannaireachta agus bhainistíochta. |



## Aguisín A: Creat chun tacú le scoileanna machnamh a dhéanamh ar bheartas agus ar chleachtas de réir na *nGnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile (2013)*

| Réimsí | Tréithe scoile ina bhfuil cultúr agus timpeallacht scoile dearfach |
|---|---|
| **Ionchuimsiú** | ● Fáiltítear roimh dhifríocht agus éagsúlacht agus cothaítear ionchuimsitheacht<br>● Spreagtar meas, muinín, cúram, machnamh agus tacaíocht do dhaoine eile<br>● Tugtar aire faoi leith dá dhaltaí 'i mbaol'<br>● Úsáidtear a córais mhonatóireachta chun idirghabháil luath a éascú nuair is gá agus freagraítear ar bhealach íogair do riachtanais, imní nó buarthaí daoine aonair<br>● Tá an cumas ann athrú mar fhreagra ar riachtanais na ndaltaí |
| **Dearcthaí agus luachanna** | ● Cothaítear freagracht shóisialta, caoinfhulaingt agus tuiscint i measc na mball go léir ar scoil agus lasmuigh den scoil<br>● Aithnítear an ceart atá ag gach ball de phobal na scoile taitneamh a bhaint as an scoil i dtimpeallacht shlán<br>● Méadaítear feasacht i measc phobal uile na scoile (lena n-áirítear bainistíocht na scoile, múinteoirí agus baill foirne eile, daltaí, tuismitheoirí, oibrithe deonacha srl.) gur iompar do-ghlactha í an bhulaíocht agus spreagtar daltaí le hiompraíocht bhulaíochta a nochtadh agus a phlé i dtimpeallacht neamh-bhagrach, agus freagraítear mar is cuí<br>● Bíonn an timpeallacht oscailte, tacúil agus spreagtar daltaí le hiompraíocht bhulaíochta a nochtadh agus a chur in iúl<br>● Aithnítear gnéithe den churaclam trínar féidir tionchair dhearfacha agus bhuana a chur i bhfeidhm ar dhearcthaí agus ar luachanna na ndaltaí a fhoirmiú |
| **Straitéisí oideachais agus coisctheʼ** | ● Cuirtear réimse straitéisí oideachais agus coisscthe i bhfeidhm chun feasacht a ardú ar bhulaíocht agus aghaidh a thabhairt uirthi<br>● Cinntítear maoirseacht agus monatóireacht chuimsitheach trína gcoimeádtar gach gné de ghníomhaíocht na scoile faoi bhreathnóireacht<br>● Tá raon straitéisí oideachais agus coiscthe i bhfeidhm aici chun déileáil go sainráite le ceist na cibearbhulaíochta agus na bulaíochta féiniúlachta lena n-áirítear bulaíocht homafóbach, bulaíocht thrasfóbach, bulaíocht chiníoch, bulaíocht bunaithe ar bhallraíocht duine den Lucht Siúil agus bulaíocht orthu siúd faoi mhíchumas nó riachtanais speisialta oideachais<br>● Cinntíonn sí go bhfuil ról agus freagracht sainmhínithe go soiléir ag tuismitheoirí agus daltaí chun cuidiú le hiompraíocht bhulaíochta scoilbhunaithe a chosc agus aghaidh a thabhairt uirthi agus chun déileáil le haon tionchar diúltach laistigh den scoil ó iompraíocht bhulaíochta a tharlaíonn in áiteanna eile<br>● Oibrítear  leis na gníomhaireachtaí áitiúla éagsúla agus tríothu chun dul i ngleic le gach cineál bulaíochta agus iompair fhrithshóisialta<br>● Déanann sí monatóireacht ar éifeachtacht na straitéisí oideachais agus coiscthe atá i bhfeidhm |
| **Caidrimh agus idirghníomhaíochtaí** | ● Cothaítear caidreamh measúil ar fud phobal na scoile<br>● Forbraítear ionbhá agus meas ar dhaltaí<br>● Spreagtar caidrimh dhearfacha a chothaíonn comhbhá i measc piaraí - dalta/dalta agus múinteoir/múinteoir agus idir grúpaí agus ina measc<br>● Spreagtar an fhoireann, faoi cheannas an phríomhoide, le gníomhú chun bulaíocht / iompar ionsaitheach ag ball ar bith de phobal na scoile a chosc |